

**An Bhruiséil, 5 Meán Fómhair 2025
(OR. en)**

**12440/25
ADD 10**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0191 (NLE)**

**COLAC 127
POLCOM 211
SERVICES 47
FDI 42**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	3 Meán Fómhair 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 356 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 356 annex.

Faoi iamh: COM(2025) 356 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.9.2025
COM(2025) 356 final

ANNEX 5

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile

NÓTAÍ TOSAIGH A GHABHANN LEIS NA RIALACHA TÁIRGESHONRACHA

Nóta 1

Prionsabail Ghinearálta

1. Leagtar amach san Iarscríbhinn seo na rialacha ginearálta maidir leis na ceanglais is infheidhme d'Iarscríbhinn 11-B dá bhforáiltear i bpointe (c) d'Airteagal 11.2(1) agus pointe (c) d'Airteagal 11.2(2).
2. Chun críocha na hIarscríbhinne seo agus Iarscríbhinn 11-B, is iad na ceanglais maidir le táirge a bheith ina tháirge tionscnaimh i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 11.2(1) agus pointe (c) d'Airteagal 11.2(2) athrú ar aicmiú taraifí, próiseas táirgthe, uasluach ábhar neamhthionscnaimh, nó aon cheanglas eile a shonraítear san Iarscríbhinn seo agus in Iarscríbhinn 11-B.
3. Ciallaíonn tagairtí do mheáchan i riail tionscnaimh táirgeshonrach an glanmheáchan, arb é meáchan ábhair nó táirge é, gan meáchan pacáistíochta a áireamh.
4. Tá an Iarscríbhinn seo agus Iarscríbhinn 11-B bunaithe ar an gCóras Comhchuibhithe, arna leasú an 1 Eanáir 2017.

Nóta 2

Struchtúr Iarscríbhinn 11-B

1. Léifear nótaí ar ranna nó ar chaibidlí, cheannteidil nó fo-cheannteidil i gcomhar leis na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha don roinn, caibidil, ceanteideal nó fo-cheanteideal ábhartha.
2. Beidh feidhm ag gach riail tionscnaimh táirgeshonrach a leagtar amach i gColún 2 d'Iarscríbhinn 11-B maidir leis an táirge comhfhreagrach a shainaithnítear i gColún 1 d'Iarscríbhinn 11-B.
3. Má tá táirge faoi réir rialacha tionscnaimh táirgeshonracha malartacha, measfar gur táirge tionscnaimh é an táirge má chomhlíonann sé ceann de na roghanna malartacha a leagtar amach don táirge sin. Má tá táirge faoi réir riail tionscnaimh táirgeshonrach lena gcuimsítear ceanglais iolracha, measfar gur táirge tionscnaimh é má chomhlíonann sé na ceanglais uile agus sa chás sin amháin.
4. Chun críocha na hIarscríbhinne seo agus Iarscríbhinn 11-B, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn 'Caibidil' na chéad dhá dhigit den uimhir aicmiúcháin taraife faoin gCóras Comhchuibhithe;
 - (b) ciallaíonn 'ceanteideal' na chéad cheithre dhigit den uimhir aicmiúcháin taraife faoin gCóras Comhchuibhithe;

- (c) ciallaíonn ‘Roinn’ roinn den Chóras Comhchuibhithe; agus
 - (d) ciallaíonn ‘fo-cheannteideal’ na chéad sé dhigit den uimhir aicmiúcháin taraife faoin gCóras Comhchuibhithe.
5. Chun críocha na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha seo, beidh feidhm ag na giorrúcháin seo a leanas¹:
- (a) ciallaíonn ‘AC’ monarú as ábhair neamhthionscnaimh faoi aon chaibidil, seachas ábhair neamhthionscnaimh faoi chaibidil an táirge, nó athrú ar an gcaibidil, an ceannteideal nó an fo-cheannteideal ó aon chaibidil eile, rud a chiallaíonn nach mór aicmiú taraife gach ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear i monarú an táirge a athrú ar an leibhéal 2-dhigit, is é sin athrú ar an gcaibidil den Chóras Comhchuibhithe;
 - (b) ciallaíonn ‘ACT’ monarú as ábhair neamhthionscnaimh faoi aon ceannteideal, seachas ábhair neamhthionscnaimh faoi ceannteideal an táirge, nó athrú ar an gcaibidil, an ceannteideal nó an fo-cheannteideal ó aon ceannteideal eile, rud a chiallaíonn nach mór aicmiú taraife gach ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear i monarú an táirge a athrú ar an leibhéal 4-dhigit, is é sin athrú ar an gceannteideal den Chóras Comhchuibhithe; agus

¹ Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, más rud é, le ceanglas maidir le hathrú ar aicmiú taraife, go ndéantar foráil maidir le hathrú ó chaibidlí, ceannteidil nó fo-cheannteidil áirithe mar eisceacht, ní fhéadfar aon cheann de na hábhair neamhthionscnaimh faoi na caibidlí, ceannteidil nó fo-cheannteidil sin a úsáid, bíodh sé sin ina n-aonar nó i gcomhpháirt.

- (c) ciallaíonn ‘AFCT’ monarú as ábhair neamhthionscnaimh faoi aon fho-cheannteideal, seachas ábhair neamhthionscnaimh faoi fho-cheannteideal an táirge, nó athrú ar an gcaibidil, an ceannteideal nó an fo-cheannteideal ó aon fho-cheannteideal eile, rud a chiallaíonn nach mór aicmiú taraife gach ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear i monarú an táirge a athrú ar an leibhéal 6-dhigit, is é sin athrú ar an bhfo-cheannteideal den Chóras Comhchuibhithe.

Nóta 3

Cur i bhfeidhm Iarscríbhinn 11-B

1. Pointe (c) d’Airteagal 11.2(1) agus pointe (c) d’Airteagal 11.2(2) maidir le táirgí a bhfuil stádas tionscnaimh faighte acu a mbaintear úsáid astu i monarú táirgí eile, beidh feidhm acu, gan beann ar cé acu a baineadh nó nár baineadh an stádas sin amach laistigh den áit mhonaraíochta chéanna i bPáirtí ina mbaintear úsáid as na táirgí sin.
2. Má fhoráiltear le riail tionscnaimh táirgeshonrach nach féidir ábhar neamhthionscnaimh sonraithe a úsáid nó nach féidir le luach nó meáchan ábhair neamhthionscnaimh shonraithe tairseach shonrach a shárú, ní bheidh feidhm ag na ceanglais sin maidir le hábhair neamhthionscnaimh a aicmítear in aon áit eile sa Chóras Comhchuibhithe.

3. Má fhoráiltear i riail tionscnaimh táirgeshonrach go bhfuil táirge le táirgeadh ó ábhar ar leith, ní chuirfidh sé sin cosc ar úsáid a bhaint as ábhair eile nach féidir leo an ceanglas sin a chomhlíonadh mar gheall ar gcineál féin.

Nóta 4

Uasluach ábhar neamhthionscnaimh a ríomh

1. Chun críoch rialacha tionscnaimh táirgeshonracha, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn ‘luach custaim’ an luach arna chinneadh i gcomhréir leis an gComhaontú maidir le hAirteagal VII de CGTT 1994 a Chur Chun Feidhme;
 - (b) ciallaíonn ‘EXW’:
 - (i) praghas an táirge díreach ón monarcha a íoctar nó is iníoctha leis an monaróir ar ina ghnóthas a dhéantar an t-oibriú deireanach nó an phróiseáil dheireanach, má tá luach na n-ábhar uile ar baineadh úsáid astu agus na costais eile uile a tabhaíodh i monarú táirge san áireamh sa phraghas, lúide aon cháin inmheánach a aisíoctar, nó is féidir a aisíoc, nuair a dhéantar an táirge a fuarthas a onnmhairiú; nó

- (ii) mura bhfuil aon phraghas íoctha nó iníoctha nó mura léiríonn an praghas iarbhír a íocadh na costais uile a bhaineann le monarú an táirge a thabhaítear iarbhír i monarú táirge, luach na n-ábhar uile ar baineadh úsáid astu agus na costais uile eile arna dtabhú i monarú an táirge sa Pháirtí is onnmhaireoir:
 - (A) lena n-áirítear costais díola, ghinearálta agus riaracháin, chomh maith le brabús, ar féidir iad a leithdháileadh go réasúnach ar an táirge; agus
 - (B) nach n-áirítear leo costais lasta, árachais, costais uile eile a thabhaítear le linn an táirge a iompar ná aon cháin inmheánach de chuid an Pháirtí is onnmhaireoir a aisíoctar, nó is féidir a aisíoc, nuair a dhéantar an táirge a fuarthas a onnmhairiú;
- (c) ciallaíonn ‘MaxNOM’ uasluach na n-ábhar neamhthionscnaimh arna sloinneadh mar chéatadán; agus
- (d) ciallaíonn ‘VNM’ luach ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear i monarú an táirge arb é an luach custaim é tráth an allmhairithe lena n-áirítear lasta, árachas más iomchuí, pacáil agus na costais uile eile a thabhaítear le linn na hábhair a iompar go dtí an calafort allmhairithe sa Pháirtí ina bhfuil táirgeoir an táirge lonnaithe.

Mura bhfuil an luach sin ar eolas agus mura féidir é a fháil amach, úsáidtear an chéad phraghas infhionnta a íocadh as na hábhair neamhthionscnaimh i gceachtar Páirtí, lena bhféadfar na costais uile a thabhaítear agus na hábhair neamhthionscnaimh á n-iompar laistigh de Pháirtí a eisiáimh, amhail costais lasta, árachais agus phacála chomh maith le haon chostas aitheanta agus infhionnta eile a thabhaítear ansin.

2. Chun MaxNOM a ríomh, beidh feidhm ag an bhfoirmle seo a leanas:

$$\text{MaxNOM}(\%) = \frac{\text{VNM}}{\text{EXW}} \times 100$$

Nóta 5

Sainmhínithe ar théarmaí a úsáidtear i Roinn XI d'Iarscríbhinn 11-B

1. ciallaíonn ‘Snáithíní nádúrtha’ snáithíní cé is moite de shnáithíní sintéiseacha nó saorga. Tá úsáid na snáithíní teoranta do na céimeanna sula ndéantar an sníomh, lena n-áirítear dramhaíl, agus, mura sonraítear a mhalairt, áirítear leis snáithíní cardáilte, cíortha nó próiseáilte ar bhealach eile ach nach bhfuil sníofa; cuimsíonn ‘snáithíní nádúrtha’ rón faoi cheannteideal 05.11, síoda faoi cheannteidil 50.02 agus 50.03, snáithíní olla agus fionnadh ainmhíoch mín nó garbh faoi cheannteidil 51.01 go 51.05, snáithíní cadáis faoi cheannteidil 52.01 go 52.03, agus snáithíní plandúla eile faoi cheannteidil 53.01 go 53.05.
2. ciallaíonn ‘laíon teicstíle’, ‘ábhair cheimiceacha’ agus ‘ábhair déanta páipéir’ ábhair nach n-aicmítear i gCaibidlí 50 go 63 is féidir a úsáid chun snáithíní nó snáthanna saorga, sintéiseacha nó páipéir a mhonarú.
3. ciallaíonn ‘Snáithíní stáplacha de dhéantús an duine’ barrach filiméid sintéiseach nó saorga, snáithíní stáplacha nó dramhaíl faoi cheannteidil 55.01 go 55.07.

4. ciallaíonn ‘Priontáil’ teicníc lena ndéantar feidhm a mheastar go hoibiachtúil amhail dath, dearadh, feidhmíocht theicniúil, a thabhairt do shubstráit teicstíle ar dhóigh bhuan, trí úsáid a bhaint as teicnící scagphriontála, rollóra, digiteacha nó aistrithe.
5. ciallaíonn ‘Priontáil (mar oibríocht neamhspleách)’ teicníc lena ndéantar feidhm a mheastar go hoibiachtúil amhail dath, dearadh, feidhmíocht theicniúil, a thabhairt do shubstráit teicstíle ar dhóigh bhuan, trí úsáid a bhaint as teicnící scagphriontála, rollóra, digiteacha nó aistrithe in éineacht le 2 (dhá) oibríocht ullmhúcháin nó bailchríche ar a laghad amhail sciúradh, tuaradh, meirsiriú, socrú teasa, ardú, cleandrail, próiseáil friotaíochta craptha, bailchríochnú buan, coirteadh tirim, tuile, deisiú agus díshnaidhmiú, ar choinníoll nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 50 % (caoga faoin gcéad) de phraghas an táirge díreach ón monarcha.

Nóta 6

Lamháltais is infheidhme maidir le táirgí a bhfuil dhá ábhar teicstíle bhunúsacha nó níos mó iontu

1. Chun críocha an Nóta seo, is iad seo a leanas ábhair teicstíle bhunúsacha:

- síoda;
- olann;
- fionnadh ainmhíoch garbh;

- fionnadh ainmhíoch mín;
- rón;
- cadás;
- ábhair déanta páipéir agus páipéar;
- líon;
- fíorchnáib;
- siúit agus snáithíní basta teicstíle eile;
- siseal agus snáithíní teicstíle eile den ghéineas Agave;
- cnó cócó, abacá, ráimí agus snáithíní teicstíle plandúla eile;
- filiméid shintéiseacha de dhéantús an duine;
- filiméid shaorga de dhéantús an duine;
- filiméid seolta srutha;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polapróipiléine de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha poileistir de dhéantús an duine;

- snáithíní stáplacha sintéiseacha polaimíde de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polaicrilínítríle de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha poilimíde de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polaiteitreafluairéitiléine de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha pola(suilfid feiniléine) de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha pola(clóiríd vinile) de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha eile de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha saorga vioscóis de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha saorga eile de dhéantús an duine;
- snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poiléitir, bídís galúnaithe nó ná bídís;
- snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poileistir, bídís galúnaithe nó ná bídís;

- táirgí faoi cheannteideal 56.05 (snáth miotalaithe) ina n-ionchorpraítear stiall ina bhfuil lár de scragall alúmanaim nó lár de scannán plaisteach, bíodh sé brataithe le púdar alúmanaim nó ná bíodh, nach mó ná 5 (cúig) mm ar leithead, atá cisealaithe trí bhíthin greamachán trédhearcach nó daite idir 2 (dhá) shraith de scannán plaisteach; agus
- táirgí eile faoi cheannteideal 56.05.

Mar shampla:

Is snáth measctha é snáth faoi cheannteideal 52.05 atá déanta as snáithíní cadáis faoi cheannteideal 52.03 agus snáithíní stáplacha sintéiseacha faoi cheannteideal 55.06. Dá bhrí sin, snáithíní stáplacha sintéiseacha neamhthionscnaimh nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 11-B, féadfar iad a úsáid ar choinníoll nach mó a meáchan iomlán ná 10 % (deich faoin gcéad) de mheáchan an tsnátha.

Mar shampla:

Is fabraic mheasctha í fabraic olla faoi cheannteideal 51.12 atá déanta as snáth olla faoi cheannteideal 51.07 agus as snáth sintéiseach de shnáithíní stáplacha faoi cheannteideal 55.09. Dá bhrí sin, snáth sintéiseach nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 11-B, nó snáth olla nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 11-B, nó teaghlaim den dá cheann, féadfar iad a úsáid ar choinníoll nach mó a meáchan iomlán ná 10 % (deich faoin gcéad) de mheáchan na n-ábhar teicstíle bunúsach uile.

Mar shampla:

Fabraic teicstíle stothach faoi cheannteideal 58.02 atá déanta as snáth cadáis faoi cheannteideal 52.05 agus as fabraic chadáis faoi cheannteideal 52.10, ní táirge measctha í ach amháin más fabraic mheasctha an fhabraic chadáis féin agus í déanta as snáthanna atá aicmithe faoi dhá cheannteideal ar leith nó más meascáin iad na snáthanna cadáis féin a úsáideadh.

I gcás ina ndearnadh an fhabraic teicstíle stothach as snáth cadáis faoi cheannteideal 52.05 agus as fabraic shintéiseach faoi cheannteideal 54.07, is dhá ábhar teicstíle bhunúsacha iad na snáthanna a úsáideadh dá bhrí sin, ar ndóigh, agus is táirge measctha í an fhabraic teicstíle stothach dá réir.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don Nóta seo in Iarscríbhinn 11-B, ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i gColún 2 den Iarscríbhinn sin maidir le haon ábhar teicstíle bunúsach neamhthionscnaimh, cé is moite de snáthanna leaistiméireacha, a mbaintear úsáid astu i monarú an táirge faoi Chaibidlí 50 go 63, ar choinníoll:
 - (a) go bhfuil 2 (dhá) ábhar teicstíle bhunúsacha nó níos mó sa táirge; agus
 - (b) nach mó meáchan na n-ábhar teicstíle bunúsach neamhthionscnaimh, i dteannta a chéile, ná 10 % (deich faoin gcéad) de mheáchan iomlán na n-ábhar teicstíle bunúsach uile a úsáideadh.
3. D'ainneoin Nóta 6.2, i gcás táirgí faoi Chaibidlí 50 go 63 ina n-ionchorpraítear 'snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poiléitir, bídís galúnaithe nó ná bídís', is é 20 % (fiche faoin gcéad) an lamháltas i leith mheáchan an tsnátha neamhthionscnaimh sin mar chéatadán de mheáchan na n-ábhar teicstíle bunúsach uile a úsáideadh.

4. D'ainneoin Nóta 6.2, i gcás táirgí faoi Chaibidlí 50 go 63 ina n-ionchorpraítear 'stíall ina bhfuil lár de scragall alúmanaim nó lár de scannán plaisteach, bíodh sé brataithe le púdar alúmanaim nó ná bíodh, nach mó ná 5 (cúig) mm ar leithead, atá cisealaithe trí bhíthin greamachán trédhearcach nó daite idir dhá shraith de scannán plaisteach', is é 30 % (tríocha faoin gcéad) an lamháltas i leith mheáchan na stéille neamhthionscnaimh sin mar chéatadán de mheáchan na n-ábhar teicstíle bunúsach uile a úsáideadh.

Nóta 7

Lamháltais eile is infheidhme maidir le táirgí teicstíle áirithe

1. I gcás ina ndéantar tagairt don Nóta seo in Iarscríbhinn 11-B, féadfar ábhair theicstíle neamhthionscnaimh, cé is moite de líneálacha agus idirlíneálacha, snáthanna leaistiméireach agus snáitheanna fuála, nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa liosta i gColún 2 le haghaidh an táirge teicstíle déanta suas a úsáid, ar choinníoll go n-aicmítear iad faoi cheannteideal nach ceannteideal an táirge é agus nach mó a luach ná 8 % (ocht faoin gcéad) de phraghas an táirge díreach ón monarcha.
2. Féadfar ábhair neamhthionscnaimh nach bhfuil aicmithe laistigh de Chaibidlí 50 go 63 a úsáid gan srian i monarú táirgí teicstíle a aicmítear i gCaibidlí 50 go 63, bíodh teicstílí iontu nó ná bíodh.

Mar shampla

Má fhoráiltear le ceanglas a leagtar amach in Iarscríbhinn 11-B nach mór snáth a úsáid le haghaidh earra teicstíle áirithe (amhail briste), ní chuireann sé sin cosc ar earraí miotail neamhthionscnaimh, ar nós cnaipí, a úsáid toisc nach n-aicmítear earraí miotail laistigh de Chaibidlí 50 go 63. Níl cosc, ar an gcúis chéanna, ar fháiscíní sleamhnáin a úsáid, cé go mbíonn teicstílí i bhfáiscíní sleamhnáin de ghnáth.

3. I gcás ina mbeidh feidhm ag ceanglas a leagtar amach in Iarscríbhinn 11-B ina bhfuil uasluach ábhar neamhthionscnaimh, cuirfear luach na n-ábhar neamhthionscnaimh nach bhfuil aicmithe laistigh de Chaibidlí 50 go 63 san áireamh agus luach na n-ábhar neamhthionscnaimh arna n-ionchorprú á ríomh.

Nóta 8

Sainmhínithe ar phróisís dá dtagraítear i Ranna VI go VII in Iarscríbhinn 11-B

Chun críoch rialacha tionscnaimh táirgeshonracha:

1. ciallaíonn ‘Próiseáil bith-theicneolaíoch’:
 - (a) saothrú bitheolaíoch nó bith-theicneolaíoch (lena n-áirítear saothrán ceall), hibridiú nó géinmhodhnú:
 - (i) miocrorgánach, amhail baictéir agus víris lena n-áirítear fagaigh; nó

(ii) ceall daonna, ainmhithe nó plandaí; agus

(b) struchtúir cheallach nó idircheallach, amhail géinte leithliseacha, géineghlise agus plasmóidí a tháirgeadh, a leithlisiú nó a íonú, nó coipeadh.

2. ciallaíonn ‘Athrú ar mhéid na gcáithníní’ modhnú ar mhéid cáithníní táirge d’aon ghnó agus é rialaithe, seachas trí bhrúscadh nó trí bhrú amháin, as a n-eascraíonn táirge ar a bhfuil méid na gcáithníní sainithe, dáileadh méide cáithníní sainithe nó achar dromchla sainithe, atá ábhartha chun críocha an táirge a thiochfaidh as agus ag a bhfuil saintréithe fisiceacha nó ceimiceacha nach ionann iad agus na hábhair ionchuir.

3. ciallaíonn ‘Imoibriú ceimiceach’ próiseas, lena n-áirítear próiseáil bhithcheimiceach, as a dtagann móilín ag a bhfuil struchtúr nua de thoradh naisc ionmhóilíneacha a bhriseadh agus naisc nua ionmhóilíneacha a fhoirmiú, nó leagan amach spásúil na n-adamh i móilín a athrú, cé is moite den mhéid seo a leanas, nach meastar iad a bheith ina n-imoibrithe ceimiceacha chun críoch an tsainmhínithe seo:

(a) tuaslagadh in uisce nó i dtuaslagóirí eile;

(b) tuaslagóirí a dhíothú, lena n-áirítear uisce tuaslagach; nó

(c) uisce criostalúcháin a chur leis nó a dhíothú.

4. ciallaíonn ‘Scaradh isiméirí’ isiméir a leithlisiú nó a scaradh ó mheascán isiméirí.

5. ciallaíonn ‘Meascadh agus cumasc’ meascadh nó cumasc ábhar (lena n-áirítear scaipeadh) d’aon ghnó agus é rialaithe ar bhealach comhréireach, seachas caolaitheoirí a chur leis, chun a bheith i gcomhréir le sonraíochtaí réamhchinntithe amháin as a dtagann táirgeadh táirge a bhfuil tréithe fisiceacha nó ceimiceacha aige atá ábhartha chun críocha an táirge nó úsáidí an táirge agus atá éagsúil leis na hábhair ionchuir.
6. ciallaíonn ‘táirgeadh ábhar caighdeánach’ (lena n-áirítear tuaslagáin chaighdeánacha) táirgeadh ullmhóide atá oiriúnach d’úsáidí anailíseacha, calabrúcháin nó tagartha a bhfuil leibhéil bheachta íonachta nó cionmhaireachtaí aici arna ndeimhniú ag an monaróir.
7. ciallaíonn ‘Íonú’ próiseas as a dtagann an méid seo a leanas:
 - (a) íonú earra arb é an toradh atá air díothú 80 % (ochtó faoin gcéad) ar a laghad de chion na n-eisíontas atá ann; nó
 - (b) laghdú nó díothú eisíontas dar toradh earra atá oiriúnach do cheann amháin nó níos mó de na feidhmeanna seo a leanas:
 - (i) substaintí de ghrád cógaisíochta, leighis, cosmaide, tréidliachta, nó bia;
 - (ii) táirgí ceimiceacha agus imoibrithe le haghaidh úsáidí anailíseacha, diagnóiseacha nó saotharlainne;
 - (iii) eilimintí agus comhpháirteanna lena n-úsáid sa mhicrileictreonaic;
 - (iv) úsáidí optúla speisialaithe;

- (v) úsáid bhith-theicniúil, amhail i saothrú ceall, sa teicneolaíocht ghéiniteach, nó mar chatalaíoch);
- (vi) iompróirí a mbaintear úsáid astu i bpróiseas scartha; nó
- (vii) úsáidí de ghrád núicléach.

Nóta 9

Táirgí talmhaíochta

Táirgí talmhaíochta a thagann faoi Chaibidlí 6, 7, 8, 9, 10, 12, agus ceannteideal 24.01 a fhástar nó a bhaintear i gcríoch Páirtí, déileálfar leo mar earraí de thionscnamh chríoch an Pháirtí sin, fiú má fhástar iad ó shíolta, bleibeanna, riosóim, fréamhstoc, gearrthóga, dingeacha, beangáin, péacáin, bachlóga, nó codanna beo eile de phlandaí a allmhairítear ó thríú tír.

RIALACHA TIONSCNAIMH TÁIRGESHONRACHA

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
ROINN I	AINMHITHE BEO; TÁIRGÍ AINMHÍ
Caibidil 1	Ainmhithe beo
01.01 – 01.06	Tá na hainmhithe uile atá faoi Chaibidil 1 faighte go hiomlán.
Caibidil 2	Feoil agus scairteach feola inite
02.01 – 02.10	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidilí 1 agus 2, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.
Caibidil 3	Éisc agus crústaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisceacha eile
03.01 – 03.08	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 3, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.
Caibidil 4	Táirgí déiríochta; uibheacha éan; mil nádúrtha; táirgí inite de bhunadh ainmhíoch, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile
0401.10 – 0402.91	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.
0402.99	Monarú inarb amhlaidh an méid seo a leanas: – maidir leis na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a úsáidtear lena linn, go bhfaightear go hiomlán iad; agus – nach mó meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheanntaidil 17.01 agus 17.02 a úsáidtear lena linn ná 15 % de mheáchan an táirge.
04.03 – 04.10	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
Caibidil 5	Táirgí de bhunadh ainmhíoch, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile.
0501.00 – 0511.10	Monarú as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal.
0511.91 - Uibheacha agus eochraí éisc atá mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine - Eile	Tá na huibheacha agus na heochraí uile faighte go hiomlán. Monarú as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal.
0511.99	Monarú as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal.
ROINN II	TÁIRGÍ PLANDÚLA
Caibidil 6	Crainn bheo agus plandaí eile; bleibeanna, fréamhacha agus a leithéidí; bláthanna gearrtha agus duilliúr ornáideach
06.01 – 06.04	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 6, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.
Caibidil 7	Glasraí agus fréamhacha agus tiúbair áirithe atá inite
07.01 – 07.14	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 7, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.
Caibidil 8	Torthaí agus cnónna inite; craiceann torthaí citris nó mealbhacán
08.01– 08.10	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 8, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.
08.11	Monarú inarb amhlaidh an méid seo a leanas: – maidir leis na hábhair uile atá faoi Chaibidil 8, agus a úsáidtear lena linn, go bhfaightear go hiomlán iad; agus – nach mó meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáidtear lena linn ná 15 % de mheáchan an táirge.

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
08.12 – 08.14	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 8, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.
Caibidil 9	Caife, tae, maité agus spíosraí
0901.11 – 0901.12	ACT
0901.21 – 0901.22	Monarú nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi Chaibidil 9 a úsáidtear lena linn ná 60 % de mheáchan an táirge.
0901.90	ACT
09.02	AFCT
09.03	ACT
09.04 – 09.10	Monarú as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal.
Caibidil 10	Gránaigh
10.01 – 10.08	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 10, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.
Caibidil 11	Táirgí an tionscail muilleoireachta; braich; stáirsí; ionúilin; glútan cruithneachta
11.01 – 11.09	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidlí 10 agus 11, ceanteidil 07.01 agus 23.03, agus fo-cheannteideal 0710.10, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.
Caibidil 12	Olashíolta agus torthaí olúla; gráin, síolta agus torthaí ilghnéitheacha; plandaí tionsclaíocha nó íocshláinte; tuí agus farae
12.01 – 12.14	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 12, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
Caibidil 13	Leaic; gumaí, roisíní agus súnna agus úisc glasraí eile
13.01	Monarú nach mó luach na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteideal 13.01 a úsáidtear lena linn ná 50 % de EXW an táirge.
13.02	Monarú as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannteideal.
Caibidil 14	Ábhair thrilseánaithe phlandúla; táirgí plandúla nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile.
14.01 – 14.04	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 14, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.
ROINN III	SAILLTE AGUS OLAÍ AINMHÍOCHA NÓ PLANDÚLA AGUS A dTÁIRGÍ SCOILTE; SAILLTE INITE ULLMHAITHE; CÉARACHA PLANDÚLA NÓ AINMHÍOCHA
Caibidil 15	Saillte agus olaí ainmhíocha nó plandúla agus a dtáirgí scoilte; saillte inite ullmhaithe; céaracha plandúla nó ainmhíocha
15.01 – 15.06	ACT
15.07	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi cheannteidil 12.01 agus 15.07, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.
15.08	AFCT
15.09 – 15.10	Monarú ina bhfuil na hábhair glasraí uile a úsáidtear lena linn faighte go hiomlán.
15.11	ACT
1512.11 – 1512.19 - Ola lus na gréine - Ola cróch bréige	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi cheannteidil 12.06 agus 15.12, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán. ACT

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
1512.21 – 1513.19	AFCT
1513.21 – 1513.29	ACT
15.14 - Ola ráibe nó ola colsa - Ola mustaird	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi cheannteidil 12.05 agus 15.14, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán. ACT
1515.11 – 1515.19	AFCT
1515.21 – 1515.29	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi cheannteidil 10.05 agus 15.15, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.
1515.30 – 1515.50	ACT
1515.90 - Ola chia agus tungola, ola óitisíce - Eile	ACT AFCT
15.16 – 15.17	ACT
15.18	AFCT
15.20	ACT
15.21 – 15.22	AFCT
ROINN IV	BIA-ÁBHAI ULLMHAITHE; DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR; TOBAC AGUS IONADAIGH TOBAC MHONARAITHE
Caibidil 16	Ullmhóidí ó fheoil, ó iasc nó ó chrústaigh, ó mhoilisc nó ó inveirteabraig uisce eile
16.01 – 16.05	AC, ar choinníoll go bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidlí 2 agus 3, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
Caibidil 17	Siúcraí agus milseogra
17.01	ACT
1702 - Maltós agus fruchtós atá íon ó thaobh na ceimice de - Eile	Monarú as ábhair neamhthionscnaimh faoi aon cheannteideal seachas as maltós agus fruchtós atá íon ó thaobh na ceimice de. AC, seachas as ábhair neamhthionscnaimh faoi Chaibidlí 11 agus 23.
17.03	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 17, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.
17.04	Monarú inarb amhlaidh an méid seo a leanas: – maidir leis na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a úsáidtear lena linn, go bhfaightear go hiomlán iad; agus – nach mó meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáidtear lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge.
Caibidil 18	Cócó agus ullmhóidí cócó
18.01	ACT
18.02	ACT, seachas as ábhair neamhthionscnaimh faoi cheannteideal 1801.
18.03	ACT, seachas as ábhair neamhthionscnaimh faoi cheannteideal 1802.
18.04 – 18.05	ACT, seachas as ábhair neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 1802 agus 1803.

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
1806	Monarú inarb amhlaidh an méid seo a leanas: – maidir leis na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a úsáidtear lena linn, go bhfaightear go hiomlán iad; agus – nach mó meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáidtear lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge.
Caibidil 19	Ullmhóidí gránach, plúir, stáirse nó bainne; táirgí cócairí taosráin
19.01	AC, ar choinníoll: – maidir leis na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a úsáidtear lena linn, go bhfaightear go hiomlán iad; – nach mó meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteideal 10.06 agus ceannteidil 11.01 go 11.08 a úsáidtear lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge; agus – nach mó meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáidtear lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge.
19.02 – 19.03	AC, ar choinníoll: – maidir leis na hábhair uile atá faoi Chaibidlí 2, 3, 4 agus 16, agus a úsáidtear lena linn, go bhfaightear go hiomlán iad; agus – nach mó meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteideal 10.06 agus ceannteidil 11.01 go 11.08 a úsáidtear lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge.

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
19.04 – 19.05	AC, ar choinníoll: – maidir leis na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a úsáidtear lena linn, go bhfaightear go hiomlán iad; – nach mó meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteideal 10.06 agus ceannteidil 11.01 go 11.08 a úsáidtear lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge; agus – nach mó meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáidtear lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge.
Caibidil 20	Ullmhóidí glasraí, torthaí, cnónna nó codanna eile de phlandaí
20.01	ACT
20.02 – 20.03	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 7, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.
20.04 – 20.05	ACT
20.06 – 20.08	ACT, ar choinníoll: – go bhfaightear na húlla, líomóidí, líomaí, oráistí, péitseoga agus piorraí go hiomlán; agus – nach mó meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáidtear lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge.
20.09	ACT, ar choinníoll: – go bhfaightear na húlla, seadóga, líomóidí, líomaí, oráistí, péitseoga, piorraí, sútha talún agus táinséiríní go hiomlán; agus – nach mó meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáidtear lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge.

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
Caibidil 21	Ullmhóidí inite ilghnéitheacha
2101.11- 2101.12	ACT, ar choinníoll nach mó luach na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteideal 09.01 a úsáidtear lena linn ná 50 % de EXW an táirge.
2101.20	ACT, ar choinníoll: – maidir leis na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a úsáidtear lena linn, go bhfaightear go hiomlán iad, agus – nach mó meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáidtear lena linn ná 15 % de mheáchan an táirge.
2101.30	ACT, ar choinníoll nach mó luach na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteideal 09.01 a úsáidtear lena linn ná 50 % de EXW an táirge.
21.02	ACT, ar choinníoll go bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.
2103.10	ACT, ar choinníoll go bhfuil na hábhair uile atá faoi cheannteideal 12.01 agus fo-cheannteideal 1208.10, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.
2103.20 – 2104.20	ACT, ar choinníoll go bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.
21.05 – 21.06	ACT, ar choinníoll: – maidir leis na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a úsáidtear lena linn, go bhfaightear go hiomlán iad; agus – nach mó meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáidtear lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge.

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
Caibidil 22	Deochanna, biotáillí agus finéagar
22.01	ACT
22.02 - Deochanna soighe - Eile	ACT, ar choinníoll: – maidir leis na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4 agus focheannteidil 1201.90 agus 1208.10, agus a úsáidtear lena linn, go bhfaightear go hiomlán iad; agus – nach mó meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáidtear lena linn ná 15 % de mheáchan an táirge. ACT, ar choinníoll: – maidir leis na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a úsáidtear lena linn, go bhfaightear go hiomlán iad; agus – nach mó meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáidtear lena linn ná 15 % de mheáchan an táirge.
22.03	ACT
22.04 – 22.05	ACT, seachas as ábhair neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 22.07 nó 22.08, ar choinníoll: – maidir leis na fíonchaora uile a úsáidtear lena linn, go bhfaightear go hiomlán iad; agus – maidir leis na hábhair uile a fhaightear ó fhíonchaora a úsáidtear lena linn, gur ábhair tionscnaimh iad.
22.06	ACT
22.07	ACT, seachas as ábhair neamhthionscnaimh faoi cheannteideal 22.08, ar choinníoll: – maidir leis na fíonchaora, an cána nó an grán buí (arbhar Indiach) uile a úsáidtear lena linn, go bhfaightear go hiomlán iad; agus – maidir leis na hábhair uile a fhaightear ó fhíonchaora, cána nó grán buí (arbhar Indiach) a úsáidtear lena linn, gur ábhair tionscnaimh iad.

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
22.08 – 22.09	ACT, seachas as ábhair neamhthionscnaimh faoi cheannteidil 22.07 nó 22.08, ar choinníoll: – maidir leis na fionchaora uile a úsáidtear lena linn, go bhfaightear go hiomlán iad; agus – maidir leis na hábhair uile a fhaightear ó fhionchaora a úsáidtear lena linn, gur ábhair tionscnaimh iad.
Caibidil 23	Iarmhair agus dramh ó na tionscail bhia; farae ullmhaithe d'ainmhithe
23.01	ACT, ar choinníoll go bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 2, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.
2302.10 – 2303.10	ACT, ar choinníoll nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi Chaibidil 10, a úsáidtear lena linn, ná 20 % de mheáchan an táirge.
2303.20 – 2308.00	ACT
23.09	AC, ar choinníoll: – maidir leis na hábhair uile atá faoi Chaibidlí 2, 3 agus 4, agus a úsáidtear lena linn, go bhfaightear go hiomlán iad; – nach mó meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi Chaibidlí 10 agus 11 a úsáidtear lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh; agus – nach mó meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh atá faoi cheannteidil 17.01 agus 17.02 a úsáidtear lena linn ná 15 % de mheáchan an táirge.
Caibidil 24	Tobac agus ionadaigh tobac mhonaraithe
24.01	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 24, agus a úsáidtear lena linn, faighte go hiomlán.
2402.10	Monarú nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteideal 24.01 a úsáidtear lena linn ná 30 % de mheáchan an táirge.

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
2402.20	Monarú nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteideal 24.01 a úsáidtear lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge.
2402.90	ACT
24.03	Monarú nach mó meáchan iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi cheannteideal 24.01 a úsáidtear lena linn ná 80 % de mheáchan an táirge.
ROINN V	TÁIRGÍ MIANRACHA
Caibidil 25	Salann; sulfar; ithreacha agus clocha; ábhair phlástrála, aol agus stroighin
25.01 – 25.03	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
25.04	AFCT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
25.05 – 25.14	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
25.15 – 25.16	AFCT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
25.17	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
25.18 – 25.20	AFCT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
25.21– 25.23	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
25.24 – 25.25	AFCT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
2526.10 – 2530.20	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
2530.90 - Cré-dhathanna, bídis cailcínithe nó púdráilte - Eile	Cré-dhathanna a mheilt nó a chailcíniú. ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
Caibidil 26	Mianta, slaig agus luaith
26.01 – 26.21	ACT
Caibidil 27	Breoslaí mianracha, olaí mianracha agus táirgí de thoradh a ndriogtha; substaintí biotúmanacha; céaracha mianracha
27.01 – 27.09	Monarú as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannnteideal.
27.10	ACT, seachas as bithdhíosail neamhthionscnaimh faoi fhocheanntheidil 3824.99 nó 3826.00; nó Déantar driogadh nó imoibriú ceimiceach, ar choinníoll go bhfaightear bithdhíosail (lena n-áirítear ola glasraí hidreachóireáilte) faoi cheannnteideal 27.10 agus faoi fhocheanntheidil 3824.99 agus 3826.00 a úsáidtear lena linn, trí eistearúchán, trí thras-eistearúchán nó trí hidreachóireáil.
27.11 – 27.15	Monarú as ábhair neamhthionscnaimh atá faoi aon cheannnteideal.

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
ROINN VI	TÁIRGÍ Ó NA TIONSCAIL CHEIMICEACHA NÓ Ó NA TIONSCAIL GHAOLMHARA Nóta roinne: Chun teacht ar shainmhínithe ar rialacha cothrománacha próiseála laistigh den Roinn seo, féach Nóta 8 d'Iarscríbhinn 11-A.
Caibidil 28	Ceimiceáin neamhorgánacha; comhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha de mhiotail lómhara, de mhiotail tearcchré, de dhúile radaighníomhacha nó d'iseatóip
28.01 – 28.53	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach; nó MaxNOM 50 % (EXW).
Caibidil 29	Ceimiceáin orgánacha
2901.10 – 2905.42	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach, scaradh isiméirí nó próiseáil bhith-theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
2905.43 – 2905.44	ACT, seachas as ábhair neamhthionscnaimh faoi cheannnteideal 38.24.
2905.45	AFCT; mar sin féin, féadfar úsáid a bhaint as ábhair neamhthionscnaimh faoi fho-cheannnteideal 2905.45, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de EXW an táirge; nó MaxNOM 50 % (EXW).
2905.49 – 2942.00	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach, scaradh isiméirí nó próiseáil bhith-theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
Caibidil 30	Táirgí cógaisíochta
30.01 – 30.03	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó próiseáil bhith-theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
30.04	ACT
30.05 – 30.06	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach, íonú, táirgeadh ábhar caighdeánach, athrú ar mhéid na gcáithníní, scaradh isiméirí, nó próiseáil bhith-theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
Caibidil 31	Leasacháin
31.01 – 31.04	ACT; mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannnteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de EXW an táirge; nó MaxNOM 40 % (EXW).
31.05 - Níotráit sóidiam, - Cianaimíd chailciam, - Sulfáit photaisiam - Maignéisiam sulfáite potaisiam - Eile	ACT; mar sin féin, féadfar úsáid a bhaint as ábhair neamhthionscnaimh faoi cheannnteideal 31.05, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de EXW an táirge; nó MaxNOM 40 % (EXW). ACT agus MaxNOM 50 % (EXW); mar sin féin, féadfar úsáid a bhaint as ábhair neamhthionscnaimh faoi cheannnteideal 31.05, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de EXW an táirge; nó MaxNOM 40 % (EXW).

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
Caibidil 32	Eastóscáin súdaireachta nó ruaimneoireachta; tainníní agus a ndíorthaigh; ruaimneanna, líocha agus ábhair dhathúcháin eile; péinteanna agus vearnaisí; puití agus maisteoga eile; dúchanna
32.01 – 32.05	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith-theicneolaíoch; Déantar meascadh agus cumasc, ar choinníoll nach mó luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear lena linn ná 70 % de EXW an táirge; nó MaxNOM 50 % (EXW).
32.06	ACT; mar sin féin, féadfar úsáid a bhaint as ábhair neamhthionscnaimh faoi cheannteideal 32.06, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de EXW an táirge; nó MaxNOM 40 % (EXW).
32.07 – 32.15	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith-theicneolaíoch; Déantar meascadh agus cumasc, ar choinníoll nach mó luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear lena linn ná 70 % de EXW an táirge; nó MaxNOM 50 % (EXW).

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
Caibidil 33	Blátholaí agus roisíneoidí; ullmhóidí cumhradóireachta, cosmaideacha nó maisíochta
3301.12 – 3301.30	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith-theicneolaíoch; Déantar meascadh agus cumasc, ar choinníoll nach mó luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear lena linn ná 70 % de EXW an táirge; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3301.90	AFCT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3302.10	ACT; mar sin féin, féadfar úsáid a bhaint as ábhair neamhthionscnaimh faoi fho-cheannteideal 3302.10, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de EXW an táirge; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3302.90 – 3303.00	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith-theicneolaíoch; Déantar meascadh agus cumasc, ar choinníoll nach mó luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear lena linn ná 70 % de EXW an táirge; nó MaxNOM 50 % (EXW).
33.04 – 33.07	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
Caibidil 34	Gallúnach, dromchlaghníomhaithe orgánacha, ullmhóidí níocháin, ullmhóidí bealaithe, céaracha saorga, céaracha sainullmhaithe, ullmhóidí snasúcháin nó sciúracháin, coinnle agus earraí dá samhail, taos múnlóireachta, ‘déadchéaracha’ agus ullmhóidí déidliachta de bhunús plástair.
3401.11 – 3401.20	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith-theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3401.30	ACT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith-theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
34.02 – 34.07	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith-theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
Caibidil 35	Substaintí albaimineoideacha; stáirsí modhnaithe; gliúnna; einsímí
3501.10 – 3502.20	ACT agus MaxNOM 50 % (EXW).
3502.90 – 3504.00	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith-theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
35.05	ACT agus MaxNOM 50 % (EXW).
35.06 – 35.07	AFCT Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith- theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
Caibidil 36	Pléascáin; táirgí piriteicniúla; lasáin; cóimhiotail phireafóracha; ullmhóidí indóite áirithe
36.01 – 36.06	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach; nó MaxNOM 50 % (EXW).
Caibidil 37	Earraí fótagrafacha nó cineamatagrafacha
37.01 – 37.07	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach; nó MaxNOM 50 % (EXW).
Caibidil 38	Táirgí ceimiceacha ilghnéitheacha
38.01 – 38.07	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith- theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
38.08	ACT; mar sin féin, féadfar úsáid a bhaint as ábhair neamhthionscnaimh faoi cheannteideal 38.08, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de EXW an táirge; nó MaxNOM 50 % (EXW).

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
38.09	ACT, seachas as ábhair neamhthionscnaimh faoi cheannteideal 11.08.
3810.10 – 3824.50	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith-theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3824.60	ACT, seachas as ábhair neamhthionscnaimh faoi fhocheannteideal 2905.44.
3824.71 – 3824.91	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith-theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3824.99 - Bithdhíosail - Eile	Monarú ina bhfaightear bithdhíosail trí thras-eistearúchán, trí eistearúchán nó trí hidreachóireáil. AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith-theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
38.25	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith-theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
38.26	Monarú ina bhfaightear bithdhíosail trí thras-eistearúchán, trí eistearúchán nó trí hidreachóireáil.

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
ROINN VII	PLAISTIGH AGUS EARRAÍ DÍOBH; RUBAR AGUS EARRAÍ DÉANTA AS RUBAR Nóta roinne: Chun teacht ar shainmhínithe ar rialacha cothrománacha próiseála laistigh den Roinn seo, féach Nóta 8 d'Iarscríbhinn 11-A.
Caibidil 39	Plaistigh agus earraí díobh
3901.10	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith-theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3901.20	ACT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith-theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3901.30 – 3901.40	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith-theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3901.90	ACT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith-theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
39.02	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith-theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
3903.11	ACT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith- theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3903.19 – 3903.30	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith- theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3903.90 – 3904.10	ACT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith- theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3904.21 – 3906.10	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith- theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3906.90	ACT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith- theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3907.10	AFCT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3907.20 – 3907.30	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
3907.40 – 3907.70	AFCT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3907.91	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3907.99 – 3908.90	AFCT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3909.10 – 3909.20	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith- theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3909.31 – 3909.39	ACT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith- theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3909.40	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith- theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3909.50	ACT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith- theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
39.10	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith- theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
39.11	ACT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith- theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
39.12 – 39.15	AFCT; Déantar imoibriú ceimiceach nó próiseáil bhith- theicneolaíoch; nó MaxNOM 50 % (EXW).
39.16 – 3923.29	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
3923.30	MaxNOM 50 % (EXW).
3923.40 – 3926.90	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
Caibidil 40	Rubar agus earraí déanta as rubar
40.01 – 40.04	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
40.05	Monarú nach mó luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear lena linn ná 50 % de EXW an táirge, cé is moite d'ábhair neamhthionscnaimh faoi fho-cheannteidil 4001.10 go 4001.29.

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
8544.11 – 8544.60	MaxNOM 50 % (EXW) ¹ .
8544.70	MaxNOM 45 % (EXW).
85.45 – 85.48	MaxNOM 50 % (EXW).
ROINN XVII	FEITHICLÍ, AERÁRTHAÍ, SOITHÍ AGUS TREALAMH IOMPAIR GAOLMHAR
Caibidil 86	Innill iarnróid nó trambhealaigh, rothstoc agus codanna díobh; daingneáin agus feistis riain iarnróid nó trambhealaigh agus codanna díobh; trealamh meicniúil (lena n-áirítear leictrimheicniúil) comharthaíochta tráchtá de gach cineál
86.01 – 86.09	MaxNOM 40 % (EXW).

¹ Maidir leis na táirgí faoi fho-cheannteidil 8544.30 agus 8544.49 de thionscnamh Pharagua, ar feadh tréimhse nach faide ná 8 (ocht) mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, is é MaxNOM 55 % (EXW) an riail tháirgeshonrach. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an gCaibidil maidir le Rialacha Tionscnaimh maidir le tionscnamh Pharagua a chinneadh.

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
Caibidil 87	Feithiclí seachas rothstoc iarnróid nó trambhealaigh, agus páirteanna agus gabhálais díobh
87.01 – 87.07	MaxNOM 45 % (EXW).
87.08 – 87.09	MaxNOM 50 % (EXW) ¹ .
87.10	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
87.11	MaxNOM 50 % (EXW).
87.12	ACT, seachas as ábhair neamhthionscnaimh faoi cheannteideal 87.14; nó MaxNOM 50 % (EXW).
87.13 – 87.16	MaxNOM 50 % (EXW).
Caibidil 88	Aerárthaí, spásárthaí, agus codanna díobh
88.01 – 88.05	ACT; nó MaxNOM 40 % (EXW).
Caibidil 89	Longa, báid agus déanmhais snámhacha
89.01 – 89.08	AC; nó MaxNOM 40 % (EXW).

¹ Maidir leis na táirgí faoi fho-cheannteidil 8708.10, 8708.21, 8708.29, 8708.40, 8708.50, 8708.80, 8708.91, 8708.92, 8708.93 agus 8708.99 de thionscnamh Pharagua, ar feadh tréimhse nach faide ná 8 (ocht) mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, is é MaxNOM 55 % (EXW) an riail tháirgeshonrach. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an gCaibidil maidir le Rialacha Tionscnaimh maidir le tionscnamh Pharagua a chinneadh.

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
ROINN XVIII	IONSTRAIMÍ AGUS GAIRIS OPTÚLA, FHÓTAGRAFACHA, CHINEAMATAGRAFACHA, TOMHAIS, SEICEÁLA, BHEACHT-TOMHAIS, LEIGHIS NÓ MHÁINLIACHTA; CLOIG AGUS UAIREADÓIRÍ; UIRLISÍ CEOIL; PÁIRTEANNA AGUS GABHÁLAIS DÍOBH
Caibidil 90	Ionstraimí agus gairis optúla, fhótagrafacha, chineamatagrafacha, tomhais, seiceála, bheacht-tomhais, leighis nó mháinliachta; páirteanna agus gabhálais díobh
9001.10	MaxNOM 45 % (EXW).
9001.20 – 9001.40	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
9001.50	ACT; Monarú ina ndéantar ceann amháin de na hoibríochtaí seo a leanas: – an lionsa leathchríochnaithe a dhromchlú chun lionsa críochnaithe oftalmach a dhéanamh de a bhfuil cumas ceartaithe optúil ann, ar lionsaí iad atá beartaithe le feistiú i bpéire spéaclaí; nó – bratú an lionsa trí chóireálacha iomchuí chun an radharc a fheabhsú agus chun cosaint an té atá á chaitheamh a áirithiú; nó MaxNOM 50 % (EXW).
9001.90 – 9010.90	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
90.11	MaxNOM 50 % (EXW).
90.12 – 90.13	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
90.14	MaxNOM 50 % (EXW).
90.15	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
90.16	MaxNOM 45 % (EXW).
90.17 – 90.23	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
90.24 – 90.25	MaxNOM 45 % (EXW).
90.26 – 90.27	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
90.28	MaxNOM 45 % (EXW).
90.29 – 9032.89 9032.90	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW). ACT; nó MaxNOM 55 % (EXW).
90.33	MaxNOM 45 % (EXW).
Caibidil 91	Cloig agus uaireadóirí agus codanna díobh
91.01 – 91.14	MaxNOM 50 % (EXW).
Caibidil 92	Uirlisí ceoil; páirteanna agus gabhálais d'earraí den sórt sin
92.01 – 92.09	MaxNOM 45 % (EXW).

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
ROINN XIX	AIRM AGUS ARMLÓN; PÁIRTEANNA AGUS GABHÁLAIS DÍOBH
Caibidil 93	Airm agus armlón; páirteanna agus gabhálais díobh
93.01 – 93.07	MaxNOM 50 % (EXW).
ROINN XX	EARRAÍ MONARAITHE ILGHNÉITHEACHA
Caibidil 94	Troscán; cóir leapa, tochtanna, tacaí tochta, cúisíní agus feistis líonta chomhchosúla; lampaí agus feistis soilsithe, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; comhartha soilsithe, ainmchláir shoilsithe agus a leithéidí; foirgnimh réamhdhéanta
9401.10	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
9401.20	MaxNOM 50 % (EXW).
9401.30 – 9401.80	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
9401.90	MaxNOM 50 % (EXW) ¹ .
94.02 – 94.05	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
94.06	MaxNOM 50 % (EXW).

¹ Maidir leis na táirgí faoi fho-cheannteideal 9401.90 de thionscnamh Pharagua, ar feadh tréimhse nach faide ná 8 (ocht) mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, is é MaxNOM 55 % (EXW) an riail tháirgeshonrach. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an gCaibidil maidir le Rialacha Tionscnaimh maidir le tionscnamh Pharagua a chinneadh.

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017) lena n-áirítear tuairisc shonrach	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
Caibidil 95	Bréagáin, cluichí agus gairis spóirt; páirteanna agus gabhálais díobh
9503.00 – 9504.20	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
9504.30	MaxNOM 45 % (EXW).
9504.40 – 9506.70	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
9506.91	MaxNOM 45 % (EXW).
9506.99 – 9508.90	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
Caibidil 96	Earraí monaraithe ilghnéitheacha
96.01 – 96.04	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
96.05	Ní mór gach earra sa tacar an riail a chomhlíonadh, riail a bheadh infheidhme maidir léi mura mbeadh sí san áireamh sa tacar. Féadfar earraí neamhthionscnaimh a ionchorprú, áfach, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 15 % de EXW an tacair.
96.06 – 96.07	ACT agus MaxNOM 50 % (EXW).
96.08 – 96.20	ACT; nó MaxNOM 50 % (EXW).
ROINN XXI	SAOTHAIR EALAÍNE, EARRAÍ INBHAILITHE AGUS SEANDACHTAÍ
Caibidil 97	Saothair ealaíne, earraí inbhailithe agus seandachtaí
97.01 – 97.06	ACT

SOCRUITHE SPEISIALTA MAIDIR LE RIALACHA TÁIRGESHONRACHA
LE hAGHAIDH TÁIRGÍ ÁIRITHE

I gcás nach 0 % (náid faoin gcéad) taraif ceangailte EDT an Aontais is infheidhme maidir leis na táirgí seo, measfar gur de thionscnamh MERCOSUR na táirgí seo a leanas freisin ar choinníoll go gcomhlíonfar an riail tionscnaimh táirgeshonrach chomhfhreagrach, mar a leagtar amach thíos, in MERCOSUR de réir Chuid III den Chomhaontú seo, mura dtabharfaidh MERCOSUR fógra don Aontas Eorpach ina mhalairt de chás.

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017)	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
8443.31; 8443.32; 8470.50; 8471; 8473.30; 8517.69; 8525; 8527; 8531.20; 8543.70; 9030.20; 9030.33; 9030.39; 9030.40; 9030.82; 9030.84; 9030.89; 9031.80	I. Cóimeáil agus táthú na gcomhpháirteanna uile ar an gclár ciorcad phriontáilte lena gcuirtear chun feidhme an fheidhm lárphróiseála (príomhchlár); II. Comhtháthú an chláir ciorcad phriontáilte arna chóimeáil i gcomhréir le hítim I, clár ciorcad phriontáilte eile (más ann dóibh) agus páirteanna leictreacha, meicniúla agus fochóimeála eile i bhformáid an táirge deiridh; agus III. Cumraíocht an táirge deiridh, suiteáil bogearraí (más infheidhme) agus tástálacha feidhme.

Colún 1 Aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe (2017)	Colún 2 Riail tionscnaimh táirgeshonrach
8443.99; 8473.29; 8473.30; 8473.40; 8473.50; 8517.70; 8523.52; 8523.59	I. Cóimeáil agus táthú na gcomhpháirteanna uile ar chlár ciorcad priontáilte; agus II. Cumraíocht an táirge deiridh, suiteáil bogearraí (más infheidhme) agus tástálacha feidhme.
8504.40; 8517.12; 8517.61; 8517.62; 8521	I. Cóimeáil agus táthú na gcomhpháirteanna uile ar chlár ciorcad phriontáilte; II. Cóimeáil na bpáirteanna leictreacha agus meicniúla, iad dí-chomhiomlánaithe go hiomlán, ar bhunleibhéal na gcomhpháirteanna; agus III. Comhtháthú clár ciorcad priontáilte agus páirteanna leictreacha agus meicniúla, arna gcóimeáil de réir ítimí I agus II.

RÁITEAS MAIDIR LE TIONSCNAMH

Déanfar an ráiteas maidir le tionscnamh trí úsáid a bhaint as an téacs a leagtar amach thíos i gceann de na teangacha seo a leanas agus i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí is onnmhaireoir. Má dhéantar an ráiteas maidir le tionscnamh a scríobh de láimh, is le dúch agus le carachtair phriontáilte a dhéanfar sin. Tarraingeofar suas an ráiteas maidir le tionscnamh i gcomhréir leis na fonótaí faoi seach. Ní gá na fonótaí a athsholáthar.

An leagan Bulgáirise

Износителят на продуктите, обхванати от този документ (износител №...¹) декларира, че освен където ясно е отбелязано друго, тези продукти са с ...² преференциален произход.

An leagan Cróitise

Izvoznik proizvoda obuhvaćenih ovom ispravom (referentni broj izvoznika: ...¹) izjavljuje da su, osim ako je drukčije izričito navedeno, ovi proizvodi ...² preferencijalnog podrijetla.

¹ I gcás ina ndéanann onnmhaireoir an ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas de réir bhrí phointe (a) d'Airteagal 11.17(1), déanfar uimhir an onnmhaireora a iontráil sa spás seo. I gcás ina ndéanann onnmhaireoir an ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 11.17(1), fágfar na focail idir lúibíní ar lár nó fágfar an spás bán.

² Tionscnamh na dtáirgí atá le sonrú: An tAontas Eorpach nó MERCOSUR. Más rud é go mbaineann an ráiteas maidir le tionscnamh, ina iomláine nó i bpáirt, le táirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla de réir bhrí Airteagal 11.29, léireoidh an t-onnmhaireoir an méid sin go soiléir taobh leis na táirgí sin a shonraítear sa doiciméad inar tarraingíodh suas an dearbhú trí bhíthin an chomhartha 'CM'.

An leagan Seicise

Vývozce výrobků uvedených v tomto dokumentu (referenční číslo vývozce ...¹) prohlašuje, že kromě zřetelně označených, mají tyto výrobky preferenční původ v ...².

An leagan Danmhairgise

Eksportøren af varer, der er omfattet af nærværende dokument, (eksportørreferencenr.¹) erklærer, at varerne, medmindre andet tydeligt er angivet, har præferenceoprindelse i ...².

An leagan Ollainnise

De exporteur van de goederen waarop dit document van toepassing is (referentienr. exporteur ...¹) verklaart dat, behoudens uitdrukkelijke andersluidende vermelding, deze goederen van preferentiële ... oorsprong zijn².

An leagan Béarla

The exporter of the products covered by this document (exporter reference no...¹) declares that, except where otherwise clearly indicated, these products are of ... preferential origin².

An leagan Eastóinise

Käesoleva dokumendiga hõlmatud toodete eksportija (eksportija viitenumber ...¹) deklareerib, et need tooted on ...² sooduspäritoluga, välja arvatud juhul kui on selgelt näidatud teisiti.

An leagan Fionlainnise

Tässä asiakirjassa mainittujen tuotteiden viejä (viejän viitenumero ...¹) ilmoittaa, että nämä tuotteet ovat, ellei toisin ole selvästi merkitty, etuuskohteluun oikeutettuja ... alkuperätuotteita².

An leagan Fraincise

L'exportateur des produits couverts par le présent document (n° de référence exportateur ...¹) déclare que, sauf indication claire du contraire, ces produits ont l'origine préférentielle ...².

An leagan Gearmáinise

Der Ausführer (Referenznummer des Ausführers . . .¹) der Waren, auf die sich dieses Handelspapier bezieht, erklärt, dass diese Waren, soweit nichts anderes angegeben, präferenzbegünstigte Ursprungswaren ...² sind.

An leagan Gréigise

Ο εξαγωγέας των προϊόντων που καλύπτονται από το παρόν έγγραφο ((αριθ. αναφοράς εξαγωγέα . . .¹) δηλώνει ότι, εκτός εάν δηλώνεται σαφώς άλλως, τα προϊόντα αυτά είναι προτιμησιακής καταγωγής ...².

An leagan Ungáirise

A jelen okmányban szereplő áruk exportőre (az exportőr azonosító száma ...¹) kijelentem, hogy eltérő jelzés hiányában az áruk kedvezményes ... származásúak².

An leagan Iodáilise

L'esportatore delle merci contemplate nel presente documento (numero di riferimento dell'esportatore ...¹) dichiara che, salvo indicazione contraria, le merci sono di origine preferenziale ...².

An leagan Gaeilge

Onnmhaireoir na dtáirgí a chumhdaítear leis an doiciméad seo (Uimhir Thagartha an Onnmhaireora ...¹) dearbhaítear leis seo, mura sonraítear a mhalairt go soiléir, gur táirgí de thionscnamh ...² tionscnamh fabhrach.

An leagan Laitvise

Eksportētājs produktiem, kuri ietverti šajā dokumentā (eksportētāja atsauces numurs ...¹), deklarē, ka, izņemot tur, kur ir citādi skaidri noteikts, šiem produktiem ir priekšrocību izcelsme no ...².

An leagan Liotuáinise

Šiame dokumente išvardintų prekių eksportuotojas (Eksportuotojo registracijos Nr ...¹) deklaruoja, kad, jeigu kitaip nenurodyta, tai yra ...² preferencinės kilmės prekės.

An leagan Máltaise

L-esportatur tal-prodotti koperti b'dan id-dokument (Numru ta' Referenza tal-Esportatur ...¹) jiddikjara li, hlief fejn indikat b'mod car li mhux hekk, dawn il-prodotti huma ta' origini preferenzjali ...².

An leagan Polainnise

Eksporter produktów objętych tym dokumentem (nr referencyjny eksportera ...¹) deklaruje, że z wyjątkiem gdzie jest to wyraźnie określone, produkty te mają ...² preferencyjne pochodzenie.

An leagan Portaingéilise

O abaixo assinado, exportador dos produtos cobertos pelo presente documento (referência do exportador n.º ...¹) declara que, salvo expressamente indicado em contrário, estes produtos são de origem preferencial ...².

An leagan Rómáinise

Exportatorul produselor care fac obiectul prezentului document (numărul de referință al exportatorului ...¹) declară că, exceptând cazul în care în mod expres este indicat altfel, aceste produse sunt de origine preferențială ...².

An leagan Slóvaicise

Vývozca výrobkov uvedených v tomto dokumente (referenčné číslo vývozcu ...¹) vyhlasuje, že okrem zreteľne označených, majú tieto výrobky preferenčný pôvod v ...².

An leagan Slóivéinise

Izvoznik blaga, zajetega s tem dokumentom, (referenčna št. izvoznika ...¹) izjavlja, da, razen če ni drugače jasno navedeno, ima to blago preferencialno ...² poreklo.

An leagan Spáinnise

El exportador de los productos incluidos en el presente documento (número de referencia del exportador ...¹) declara que, salvo indicación en sentido contrario, estos productos gozan de un origen preferencial ...².

An leagan Sualainnise

Exportören av de varor som omfattas av detta dokument (exportörens referensnummer¹) försäkrar att dessa varor, om inte annat tydligt markerats, har förmånsberättigande ... ursprung².

(Áit agus dáta)¹

(Síniú an onnmhaireora; ina theannta sin, léireofar ainm an duine atá ag síniú an dearbhaithe i scríbhinn shoiléir)²

¹ Féadfar áit agus dáta a fhágáil ar lár má tá an fhaisnéis sin sa doiciméad féin.

² Féach Airteagal 11.17(6). I gcás nach bhfuil gá le síniú an onnmhaireora, tugtar le tuiscint leis an díolúine ón síniú go bhfuil díolúine ann freisin maidir le hainm an tsínitheora.

BEARTA IDIRTHRÉIMHSEACHA

1. Ar feadh tréimhse nach faide ná 3 (trí) bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, glacfaidh an tAontas Eorpach le ‘deimhniú tionscnaimh’ mar ráiteas maidir le tionscnamh freisin, ar deimhniú é ina léirítear go gcomhlíonann na táirgí a allmhairítear isteach san Aontas Eorpach na ceanglais maidir le tionscnamh a bhunaítear faoi Chuid III den Chomhaontú seo.
2. Féadfar síneadh 2 (dhá) bhliain ar a mhéad a chur leis an tréimhse 3 (trí) bliana dá dtagraítear i mír 1 trí bhíthin fógra ón Stát Sínithe MERCOSUR chuig an Aontas Eorpach. Sa chás sin, féadfar Iarscríbhinn 11-E a chur i bhfeidhm, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.
3. Seolfaidh MERCOSUR foirm agus foirmiúlachtaí an ‘deimhnithe tionscnaimh’ chuig an gCoimisiún Eorpach. Cuirfidh gach Stát Sínithe MERCOSUR an dáta a scoirfidh an ‘deimhniú tionscnaimh’ d’fheidhm a bheith aige in iúl don Choimisiún Eorpach.

EARRÁIDÍ RIARACHÁIN A BHAINISTIÚ

I gcás ina ndéanfaidh na húdaráis inniúla earráid i mbainistiú cuí an chórais fhabhraigh tráth an onnmhairithe, agus go háirithe i gcur i bhfeidhm Chaibidil 11, má bhíonn iarmhairtí i dtéarmaí dleachtanna allmhairiúcháin mar thoradh ar an earráid sin, féadfaidh an Páirtí a bhfuil na hiarmhairtí sin roimhe a iarraidh ar an gComhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht bearta iomchuí a ghlacadh d'fhonn an cás a réiteach.

DEARBHUITHE COMHPHÁIRTEACHA

Dearbhú Comhpháirteach maidir le Prionsacht Andóra

1. Maidir le táirgí de thionscnamh Phrionsacht Andóra a thagann faoi Chaibidlí 25 go 97 den Chóras Comhchuibhithe, glacfaidh MERCOSUR leo mar tháirgí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh de réir bhrí Chaibidil 11.
2. Beidh feidhm ag mír 1, ar choinníoll, de bhua an Chomhaontaithe trí mhalartú litreacha idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Prionsacht Andóra¹ go gcuireann Prionsacht Andóra an chóir fhabhrach taraife chéanna i bhfeidhm maidir le táirgí de thionscnamh MERCOSUR agus a chuireann an tAontas Eorpach i bhfeidhm maidir le táirgí den sórt sin.
3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Caibidil 11 chun stádas tionscnaimh na dtáirgí dá dtagraítear i mír 1 a shainiú.

¹ IO AE L 374, 31.12.1990, lch. 14.

Dearbhú Comhpháirteach maidir le Poblacht San Mairíne

1. Glacfaidh MERCOSUR le táirgí de thionscnamh Phoblacht San Mairíne mar tháirgí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh de réir bhrí Chaibidil 11.
2. Beidh feidhm ag mír 1, ar choinníoll, de bhua an Chomhaontaithe maidir le Comhar agus Aontas Custaim idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht San Mairíne¹, go gcuireann Poblacht San Mairíne an chóir fhabhrach taraife chéanna i bhfeidhm maidir le táirgí de thionscnamh MERCOSUR agus a chuireann an tAontas Eorpach i bhfeidhm maidir le táirgí den sórt sin.
3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Caibidil 11 chun stádas tionscnaimh na dtáirgí dá dtagraítear i mír 1 a shainiú.

¹ IO AE L 84, 28.3.2002, lch. 43.

**CÚNAMH RIARACHÁIN FRITHPHÁIRTEACH
IN ÁBHAIR CHUSTAIM**

AIRTEAGAL 1

Sainmhínithe

Chun críocha na hIarscríbhíne seo:

- (a) ciallaíonn ‘údarás is iarratasóir’ údarás inniúil riaracháin atá ainmnithe ag Páirtí chun na críche sin agus a dhéanann iarraidh ar chúnamh ar bhonn na hIarscríbhíne seo;
- (b) ciallaíonn ‘reachtaíocht chustaim’ aon fhoráil dhlíthiúil nó rialála is infheidhme i gcíoch ceachtar den dá Pháirtí, lena rialaítear allmhairiú, onnmhairsiú agus idirthuras earraí agus iad a chur faoi aon chóras nó nós imeachta custaim eile, lena n-áirítear bearta toirmisc, sriantacha agus rialaithe;
- (c) ciallaíonn ‘faisnéis’ aon sonra, doiciméad, íomhá, tuarascáil nó cumarsáid, i bhformáid ar bith, lena n-áirítear formáid leictreonach, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil siad próiseáilte nó anailísithe, mar aon le cóipeanna fíordheimhnithe díobh;
- (d) ciallaíonn ‘oibriocht a sháraíonn an reachtaíocht chustaim’ aon sárú nó aon iarracht ar an reachtaíocht chustaim a shárú;
- (e) ciallaíonn ‘duine’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach;

- (f) ciallaíonn ‘sonraí pearsanta’ an fhaisnéis uile a bhaineann le duine nádúrtha nó, má fhoráiltear amhlaidh le dlíthe nó rialacháin Páirtí, le duine dlítheanach; agus
- (g) ciallaíonn ‘an t-údarás iarrtha’ údarás inniúil riaracháin atá ainmnithe ag Páirtí chun na críche sin agus a fhaigheann iarraidh ar chúnamh ar bhonn na hIarscríbhíne seo.

AIRTEAGAL 2

Raon feidhme

1. Tabharfaidh na Páirtithe cúnamh dá chéile maidir le réimsí a thagann faoi réim a n-inniúlachta féin agus ar an modh atá leagtha síos san Iarscríbhinn seo agus faoi na coinníollacha san Iarscríbhinn seo, chun cur i bhfeidhm ceart na reachtaíochta custaim a áirithiú, go háirithe trí oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht sin a chosc, a imscrúdú agus a chomhrac.
2. Beidh feidhm ag forálacha na hIarscríbhíne seo maidir le haon údarás riaracháin de chuid ceachtar den dá Pháirtí, ar údarás é atá inniúil chun an Iarscríbhinn seo a chur i bhfeidhm. Ní dhéanfaidh cúnamh den sórt sin dochar do dhlíthe ná do rialacháin aon Pháirtí lena rialaítear cúnamh frithpháirteach in ábhair choiriúla ná ní chumhdófar leis faisnéis a fhaightear faoi chumhachtaí a feidhmíodh ar iarraidh údaráis bhreithiúnaigh, ach amháin i gcás ina n-údaraíonn an t-údarás sin an fhaisnéis sin a chur in iúl.
3. Cúnamh chun dualgais, cánacha nó fineálacha nach gcumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo a aisghabháil.

AIRTEAGAL 3

Cúnamh ar é a iarraidh

1. Arna iarraidh sin ag an údarás is iarratasóir, soláthróidh an t-údarás iarrtha an fhaisnéis ábhartha ar fad dó lena bhféadfar é a chur ar a chumas dó a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm an reachtaíocht chustaim i gceart, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le gníomhaíochtaí a thugtar faoi deara nó a bheartaítear agus ar oibríochtaí iad a sháraíonn an reachtaíocht chustaim nó a d'fhéadfadh an reachtaíocht chustaim a shárú.
2. Arna iarraidh sin don údarás is iarratasóir, cuirfidh an t-údarás iarrtha é ar an eolas maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh earraí a onnmhairíodh ó chríoch Páirtí a allmhairiú go cuí isteach i gcríoch an Pháirtí eile, lena sonraítear, i gcás inarb iomchuí, an nós imeachta custam a cuireadh i bhfeidhm maidir leis na hearraí; agus
 - (b) cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh earraí a allmhairíodh isteach i gcríoch Páirtí a onnmhairiú go cuí ó chríoch an Pháirtí eile, lena sonraítear, i gcás inarb iomchuí, an nós imeachta custam a cuireadh i bhfeidhm maidir leis na hearraí.
3. Arna iarraidh sin don údarás is iarratasóir, déanfaidh an t-údarás iarrtha, i gcomhréir le dlíthe agus rialachán Páirtí, na bearta is gá chun faireachas speisialta a áirithiú ar na nithe seo a leanas:
 - (a) daoine a bhfuil forais réasúnacha ann ina leith chun a chreidiúint go bhfuil nó go raibh siad bainteach le hoibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim;
 - (b) earraí atá á n-iompar nó ar féidir iad a iompar ar bhealach lena bhfághtar go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil sé beartaithe úsáid a bhaint astu in oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim;

- (c) áiteanna inar cóimeáladh earraí nó ina bhféadfar na hearraí sin a chóimeáil ar bhealach lena bhfágtar go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil sé beartaithe úsáid a bhaint as na hearraí sin in oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim; agus
- (d) modh iompair a mbaintear úsáid as nó a bhféadfar úsáid a bhaint as ar bhealach lena bhfágtar go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil sé beartaithe úsáid a bhaint as an modh iompair sin in oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim.

AIRTEAGAL 4

Cúnamh spontáineach

1. Tabharfaidh na Páirtithe cúnamh dá chéile, ar a dtionscnamh féin agus i gcomhréir lena ndlíthe agus a rialacháin féin, más rud é go mbreithníonn siad gur gá sin chun reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm i gceart, trí fhaisnéis atá faighte acu a sholáthar maidir le gníomhaíochtaí atá tugtha i gcrích, beartaithe nó ar siúl fós, ar gníomhaíochtaí iad atá ina n-oibríochtaí a sháraíonn reachtaíocht chustaim nó más cosúil gur amhlaidh sin agus a bhféadfaidh a bheith ina n-údar spéise don Pháirtí eile.
2. San fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, díreofar go sonrach ar an méid seo a leanas:
 - (a) daoine, earraí agus modh iompair; agus
 - (b) bealaí nó modhanna nua a úsáidtear chun oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim a dhéanamh.

AIRTEAGAL 5

Foirm agus substaint na n-iarrataí ar chúnamh

1. Déanfar iarrataí ar chúnamh faoin Iarscríbhinn seo i scríbhinn, bídís i bhformáid chlóite nó i bhformáid leictreonach. Beidh na doiciméid is gá ag gabháil leo chun gur féidir an iarraidh a chomhlíonadh. Nuair is gá mar gheall ar phráinn an cháis, féadfaidh an t-údarás iarrtha glacadh le hiarrataí ó bhéal, ach dearbhóidh an t-údarás is iarratasóir na hiarrataí ó bhéal sin i scríbhinn láithreach.
2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh in iarrataí a dhéantar de bhun mhír 1:
 - (a) an t-údarás is iarratasóir agus an t-oifigeach is iarrthóir;
 - (b) an fhaisnéis agus an cineál cúnaimh a iarrtar;
 - (c) cuspóir na hiarrata agus an chúis atá léi;
 - (d) na dlíthe, na rialacháin agus gnéithe dlíthiúla eile atá i gceist;
 - (e) sonraí chomh cruinn cuimsitheach agus is féidir ar na daoine is ábhar do na himscrúduithe;
 - (f) achoimre ar na fíorais ábhartha agus ar na fiosrúcháin a rinneadh cheana féin; agus
 - (g) aon sonra breise atá ar fáil chun go mbeidh an t-údarás iarrtha in ann an iarraidh a chomhlíonadh.

3. Cuirfear iarrataí isteach i dteanga oifigiúil de chuid an údaráis iarrtha nó i dteanga atá inghlactha ag an údarás sin, is teanga inghlactha i gcónaí é an Béarla. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas seo maidir le haon doiciméad a ghabhann leis an iarraidh de bhun mhír 1.

4. Mura gcomhlíonann iarraidh na ceanglais fhoirmiúla a leagtar amach i míreanna 1 go 3, féadfaidh an t-údarás iarrtha ceartú nó comhlánú na hiarrata a éileamh. Idir an dá linn, féadfar bearta réamhchúraim a dhéanamh.

AIRTEAGAL 6

Forghníomhú iarrataí

1. Chun iarraidh ar chúnamh a chomhlíonadh, rachaidh an t-údarás iarrtha ar aghaidh, laistigh de theorainneacha a inniúlachta agus na n-acmhainní atá ar fáil dó, agus amhail is dá mbeadh sé ag gníomhú ar a chuntas féin nó arna iarraidh sin d'údarás eile den Pháirtí céanna, trí fhaisnéis atá ina sheilbh cheana a sholáthar, trí fhiosrúcháin iomchuí a dhéanamh nó trí shocruithe a dhéanamh go ndéanfar na fiosrúcháin sin. Beidh feidhm ag an bhforáil seo freisin maidir le haon údarás eile ar chuir an t-údarás iarrtha an iarraidh chuige i gcás nach féidir leis an údarás sin gníomhú as a stuaim féin.

2. Forghníomhófar iarrataí ar chúnamh i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí iarrtha.

AIRTEAGAL 7

An fhoirm ina bhfuil an fhaisnéis le cur in iúl

1. Cuirfidh an t-údarás iarrtha torthaí ar fhiosrúcháin in iúl don údarás is iarratasóir i scríbhinn, in éineacht le doiciméid ábhartha, fíorchóipeanna deimhnithe nó nithe eile. Féadfar an fhaisnéis sin a sholáthar i bhformáid leictreonach.
2. Tarchuirfear doiciméid bhunaidh i gcomhréir le srianta dlíthiúla gach Páirtí, arna iarraidh sin don údarás is iarratasóir agus sa chás sin amháin, i gcásanna nár leordhóthanach cóipeanna deimhnithe. Cuirfidh an t-údarás is iarratasóir na doiciméid bhunaidh sin ar ais a luaithe is féidir.
3. Déanfaidh an t-údarás iarrtha aon fhaisnéis a bhaineann le barántúlacht na ndoiciméad a d'eisigh nó a dheimhnigh gníomhaireachtaí oifigiúla laistigh dá chríoch mar thaca le dearbhú earraí a sheachadadh chuig an údarás is iarratasóir, i gcomhréir le mír 2.

AIRTEAGAL 8

Oifigigh de chuid Páirtí a bheith i láthair i gcríoch Páirtí eile

1. Oifigigh chuí-údaráithe de chuid Páirtí, le comhaontú an Pháirtí eile agus faoi réir na gcoinníollacha a shonróidh an Páirtí eile, féadfaidh siad a bheith i láthair sna cásanna seo a leanas:
 - (a) in oifigí an údaráis iarrtha nó aon údaráis eile lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 6(1) chun faisnéis a fháil a theastaíonn ón údarás is iarratasóir chun críocha na hIarscríbhíne seo, ar faisnéis í a bhaineann le gníomhaíochtaí ar oibríochtaí iad nó a d'fhéadfadh a bheith ina n-oibríochtaí a sháraíonn an reachtaíocht chustaim; agus

(b) ag fiosrúcháin a dhéantar i gcríoch an Pháirtí eile sin.

2. Oifigigh údaraithe de chuid Páirtí a bheidh i láthair i gcríoch an Pháirtí eile, is i gcáil chomhairleach amháin a bheidh siad i láthair. Déanfaidh na hoifigigh sin an méid seo a leanas:

(a) beidh siad in ann cruthúnas dá gcáil oifigiúil a thabhairt ar aird i gcónaí;

(b) ní bheidh éide orthu ná ní iompróidh siad airm; agus

(c) bainfidh siad tairbhe as an gcosaint chéanna agus an chosaint a thugtar d'oifigigh an Pháirtí eile, i gcomhréir leis na dlíthe agus rialacháin atá i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 9

Seachadadh agus fógra

1. Arna iarraidh sin don údarás is iarratasóir, déanfaidh an t-údarás iarrtha, i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme, na bearta uile is gá chun aon doiciméad a sheachadadh nó chun aon fhógra a thabhairt faoi aon chinneadh ón údarás is iarratasóir atá faoi raon feidhme na hIarscríbhíne seo, do sheolaí atá ina chónaí nó atá bunaithe i gcríoch an údaráis iarrtha.

2. Is i scríbhinn i dteanga oifigiúil de chuid an údaráis iarrtha nó i dteanga atá inghlactha ag an údarás sin a dhéanfar iarrataí den sórt sin ar dhoiciméid a sheachadadh nó ar fhógra a thabhairt faoi chinntí.

AIRTEAGAL 10

Uathmhalartú faisnéise

1. Féadfaidh na Páirtithe, trí shocrú frithpháirteach i gcomhréir le hAirteagal 15, na nithe seo a leanas a mhalartú:
 - (a) aon fhaisnéis a chumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo, ar bhonn uathoibríoch; nó
 - (b) faisnéis shonrach, sula dtiocfaidh coinsíneachtaí isteach i gcríoch an Pháirtí eile.
2. Cur chun feidhme na malartuithe dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b), lena n-áirítear socruithe maidir leis an gcineál faisnéise atá le malartú, formáid agus minicíocht an tarchuir, déanfar iad i gcomhréir le hAirteagal 15.

AIRTEAGAL 11

Eisceachtaí ón oibleagáid cúnamh a sholáthar

1. Féadfar cúnamh a dhiúltú nó féadfaidh sé a bheith faoi réir coinníollacha nó ceanglais áirithe a chomhlíonadh i gcásanna ina measann Páirtí go ndéanfaidh cúnamh faoin Iarscríbhinn seo an méid seo a leanas:
 - (a) gur dócha go ndéanfaidh sé dochar do cheannasacht Stát Sínithe MERCOSUR nó do cheannasacht Ballstáit den Aontas Eorpach ar iarradh air cúnamh a thabhairt faoin Iarscríbhinn seo;
 - (b) gur dócha go ndéanfaidh sé dochar don bheartas poiblí, do shlándáil nó do leasanna fíor-riachtanacha eile, go háirithe sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 12(5); nó

(c) go sárófar rún tionscail, tráchtála nó gairmiúil.

2. Féadfaidh an t-údarás iarrtha an cúnamh a chur ar athló ar an bhforas go gcuirfidh an cúnamh sin isteach ar imscrúduithe, ionchúisimh nó imeachtaí leanúnacha. I gcás den sórt sin, rachaidh an t-údarás iarrtha i gcomhairle leis an údarás is iarratasóir chun a chinneadh an féidir cúnamh a thabhairt faoi réir cibé téarmaí nó coinníollacha a éileoidh an t-údarás iarrtha.

3. I gcás ina lorgaíonn an t-údarás is iarratasóir cúnamh nach mbeadh sé féin in ann a sholáthar dá n-iarrfaí sin air, tarraingeoidh sé aird ar an méid sin ina iarraidh. Is ar an údarás iarrtha a bheidh sé ansin cinneadh a dhéanamh conas freagra a thabhairt ar iarraidh den sórt sin.

4. I gcásanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, cuirfidh an t-údarás iarrtha a chinneadh agus na cúiseanna atá leis in iúl don údarás is iarratasóir gan mhoill.

AIRTEAGAL 12

Malartú faisnéise agus rúndacht

1. Bainfear úsáid as an bhfaisnéis a fhaightear faoin Iarscríbhinn seo chun na gcríoch sin a bhunaítear san Iarscríbhinn agus chun na gcríoch sin amháin.

2. Measfar gur chun críocha na hIarscríbhinne seo a úsáidfear faisnéis a fhaightear faoin Iarscríbhinn seo in imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha a thionscnófar i leith oibríochtaí de shárú ar reachtaíocht chustaim. Dá bhrí sin, ina dtaifid ar fhianaise, ina dtuarascálacha agus ina dteistiméireachtaí, agus in imeachtaí agus i líomhaintí a thugtar os comhair na n-údarás breithiúnach agus riaracháin, féadfaidh gach Páirtí faisnéis a fuarthas agus doiciméid a ceadaíodh i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo a úsáid mar fhianaise. Féadfaidh an t-údarás iarrtha soláthar faisnéise nó rochtain a thabhairt ar dhoiciméid a chur faoi réir an choinníll go dtabharfar fógra dó maidir leis an úsáid sin.

3. I gcás inar mian le ceann de na Páirtithe úsáid a bhaint as an bhfaisnéis sin chun críoch eile seachas chun na gcríoch sin dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo, gheobhaidh sé toiliú i scríbhinn roimh ré ón údarás a sholáthair an fhaisnéis sin. Ar an gcaoi sin beidh an úsáid sin faoi réir aon shrian a leagann an t-údarás sin síos.

4. Aon fhaisnéis a chuirfear in iúl in aon fhoirm de bhun na hIarscríbhinne seo, is de chineál rúnda nó srianta a bheidh sé, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin gach Páirtí. Cumhdófar an fhaisnéis sin le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla agus beidh an chosaint ag an bhfaisnéis sin a dheonaítear d'fhaisnéis chomhchosúil faoi dhlíthe agus rialacháin ábhartha an Pháirtí a fhaigheann an fhaisnéis. Cuirfidh gach Páirtí faisnéis maidir lena dhlíthe agus rialacháin is infheidhme in iúl don Pháirtí eile.

5. Ní fhéadfar sonraí pearsanta a aistriú ach amháin i gcomhréir le rialacha um chosaint sonraí an Pháirtí a sholáthraíonn na sonraí. Cuirfidh gach Páirtí an Páirtí eile ar an eolas faoi na rialacha ábhartha maidir le cosaint sonraí agus, más gá, déanfaidh sé a dhícheall teacht ar chomhaontú maidir le cosaint bhreise.

AIRTEAGAL 13

Saineolaithe agus finnéithe

Féadfaidh an t-údarás iarrtha a údarú dá oifigigh a bheith i láthair, laistigh de theorainneacha an údaraithe a tugadh, mar shaineolaithe nó mar fhinnéithe in imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin a bhaineann leis na hábhair a chumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo, agus cibé nithe, doiciméid nó cóipeanna deimhnithe a bheadh ag teastáil le haghaidh na n-imeachtaí a chur ar fáil. Maidir le hiarraidh ar oifigeach teacht i láthair, ní mór a chur in iúl dó go sonrach cé acu le húdarás breithiúnach nó le húdarás riaracháin a bhaineann an iarraidh teacht i láthair, cé na hábhair lena mbaineann sí, agus cén teideal nó cáilíocht a gceistefar é dá bhua nó dá bua.

AIRTEAGAL 14

Speansais maidir le cúnamh

1. Tarscaoilfidh na Páirtithe aon éileamh ar aisíocaíocht speansas arna dtabhú i bhforghníomhú na hIarscríbhíne seo, cé is moite de liúntais a íoctar le saineolaithe, finnétithe, ateangairí nó aistritheoirí, i gcás inarb infheidhme.
2. Ní bheidh feidhm ag íocaíocht na liúntas maidir le fostaithe seirbhíse poiblí.
3. Má bhíonn gá le speansais de chineál urghnách chun an iarraidh a fhorghníomhú, cinnfidh na Páirtithe na téarmaí agus na coinníollacha a mbeidh an iarraidh le forghníomhú fúthu, mar aon leis an mbealach ar a mbeidh na speansais sin le seasamh.

AIRTEAGAL 15

Cur chun feidhme

1. Fágfar cur chun feidhme na hIarscríbhíne seo faoi chúram údaráis chustaim Stáit Sínithe MERCOSUR, de pháirt, agus seirbhísí inniúla an Choimisiúin Eorpaigh agus údaráis chustaim na mBallstát den Aontas Eorpach, den pháirt eile, de réir mar is iomchuí. Déanfaidh siad cinneadh maidir leis na bearta agus na socrúithe praiticiúla uile is gá chun an Iarscríbhinn seo a chur chun feidhme, agus aird á tabhairt acu ar na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme faoi seach, go háirithe na dlíthe agus rialacháin a bhaineann le sonraí pearsanta a chosaint.

2. Cuirfidh gach Páirtí an Páirtí eile ar an eolas faoi na bearta mionsonraithe cur chun feidhme a ghlacfaidh sé i gcomhréir le forálacha na hIarscríbhíne seo, go háirithe maidir leis na seirbhísí cuí-údaraithe agus na hoifigigh a ainmneofar mar oifigigh atá inniúil ó thaobh cumarsáidí dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo a sheoladh agus a fháil.

3. San Aontas Eorpach, ní dhéanfaidh an Iarscríbhinn seo difear do chur in iúl aon fhaisnéise a fhaightear faoin Iarscríbhinn seo idir seirbhísí inniúla an Choimisiúin Eorpaigh agus údaráis chustaim na mBallstát den Aontas Eorpach.

AIRTEAGAL 16

Comhaontuithe eile

Beidh tosaíocht ag an Iarscríbhinn seo ar aon chomhaontú déthaobhach maidir le cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim a tugadh i gcrích, nó a fhéadfar a thabhairt i gcrích, idir Ballstáit aonair den Aontas Eorpach agus MERCOSUR nó Stáit Sínithe MERCOSUR, a mhéid a bheidh forálacha an chomhaontaithe dhéthaobhaigh sin ar neamhréir leis an Iarscríbhinn seo.

AIRTEAGAL 17

Comhairliúcháin

Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile faoi chuimsiú an Fhochoiste um chustam, éascú trádála agus rialacha tionscnaimh, dá dtagraítear in Airteagal 12.21 den Chomhaontú seo, d'fhonn aon ábhar a d'fhéadfadh teacht chun cinn i leith chur i bhfeidhm nó chur chun feidhme na hIarscríbhíne seo a réiteach.

ROINN A

LIOSTA RÉIMSI

Chun críocha Airteagal 13.8(6), comhaontaíonn na Páirtithe ar an liosta réimsí seo a leanas:

- (a) gnéithe sábháilteachta de threalamh leictreach agus leictreonach, mar a shainmhínítear i mír 1 de Roinn B den Iarscríbhinn seo;
- (b) comhoiriúnacht leictreamaighnéadach trealaimh, mar a shainmhínítear i mír 2 de Roinn B den Iarscríbhinn seo;
- (c) éifeachtúlacht fuinnimh maidir le táirgí a allmhairítear ón Aontas Eorpach isteach i gcóiríoch Stát Sínthe MERCOSUR, cé is moite de thrasloingsiú, a chumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo; agus
- (d) srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach.

ROINN B

SAINMHÍNITHE

1. Chun críocha na hIarscríbhíne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn ‘gnéithe sábháilteachta de threalamh leictreach agus leictreonach’ gnéithe sábháilteachta trealaimh atá ag brath ar shruthanna leictreacha chun go mbeidh sé in ann oibriú i gceart, agus trealamh chun sruthanna den sórt sin a ghiniúint, a aistriú agus a thomhas agus atá deartha lena úsáid ag rátáil voltais idir 50 (caoga) agus 1 000 (míle) V maidir le sruth ailtéarnach agus idir 75 (seachtó a cúig) agus 1 500 (míle, cúig chéad) V maidir le sruth díreach, chomh maith le trealamh a astaíonn nó a ghlacann tonnta leictreamaighnéadacha minicíochtaí ar lú iad ná 3 000 (trí mhíle) GHz d’aon ghnó chun críche cumarsáide raidió nó rad-aimsithe, cé is moite de na nithe seo a leanas:
 - (i) trealamh lena úsáid in atmaisféar pléascach;
 - (ii) trealamh lena úsáid chun críoch raideolaíochta nó leighis;
 - (iii) páirteanna leictreacha d’earraí agus d’ardaitheoirí paisinéirí;
 - (iv) trealamh raidió a úsáideann amaitéaraigh raidió;
 - (v) méadair leictreachais;
 - (vi) plocóidí agus asraonta soicéid le haghaidh úsáid tís;

- (vii) rialaitheoirí fál leictreacha;
 - (viii) bréagáin;
 - (ix) trealamh speisialaithe muirí, iarnróid, eitleochta agus feithiclí;
 - (x) pacáistí meastóireachta saincheaptha atá beartaithe do ghairmithe lena n-úsáid ag saoráidí taighde agus forbartha chun na gcríoch sin agus chun na gcríoch sin amháin;
 - (xi) táirgí foirgníochta, le haghaidh corprú buan i bhfoirgnimh nó in oibreacha innealtóireachta sibhialta, a bhfuil tionchar ag a bhfeidhmíocht ar fheidhmíocht an fhoirgnimh nó na n-oibreacha innealtóireachta sibhialta, amhail cáblaí, aláraim dóiteáin agus doirse leictreacha; agus
 - (xii) innealra atá sainmhínithe mar chóimeáil arb é atá inti 1 (aon) pháirt ghluaisteach amháin ar a laghad, arna cumhachtú ag córas tiomána ina n-úsáidtear foinse fuinnimh amháin nó níos mó amhail fuinneamh teirmeach, leictreach, neomatach, hiodrálach nó meicniúil, iad socraithe agus rialaithe ionas go bhfeidhmeoidh siad mar aonad iomlán dílis, seachas gnáththrealamh oifige, clostrealamh agus fístrealamh, fearais leictreacha teaghlaigh, trealamh teicneolaíochta faisnéise, móitair leictreacha, chomh maith le lascthrealamh agus gléasra rialaithe ísealvoltais.
- (b) ciallaíonn ‘comhoiriúnacht leictreamaighnéadach trealaimh’ comhoiriúnacht leictreamaighnéadach (suaitheadh agus imdhíonacht) trealaimh atá ag brath ar shruthanna leictreacha nó ar réimsí leictreamaighnéadacha chun oibriú i gceart, agus trealamh chun sruthanna den sórt sin a ghiniúint, a aistriú agus a thomhas, cé is moite díobh seo a leanas:
- (i) trealamh lena úsáid in atmaisféar pléascach;

- (ii) trealamh lena úsáid chun críoch raideolaíochta nó leighis;
 - (iii) páirteanna leictreacha d'earraí agus d'ardaitheoirí paisinéirí;
 - (iv) trealamh raidió a úsáideann amaitéaraigh raidió;
 - (v) trealamh speisialaithe mairí, iarnróid, eitlíochta agus feithiclí
 - (vi) uirlisí tomhais;
 - (vii) uirlisí neamh-uathoibríocha meáite;
 - (viii) trealamh atá neamhurchóideach go bunúsach; agus
 - (ix) pacáistí meastóireachta saincheaptha atá beartaithe do ghairmithe lena n-úsáid ag saoráidí taighde agus forbartha chun na gcríoch sin agus chun na gcríoch sin amháin.
- (c) ciallaíonn 'éifeachtúlacht fuinnimh' an cóimheas idir aschur feidhmíochta, seirbhíse, earraí nó fuinnimh agus ionchur fuinnimh i dtáirge a bhfuil tionchar aige ar thomhaltas fuinnimh le linn a úsáide.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní chumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo aerárthaí, soithí, iarnróid, mótarfheithiclí iomlána ná an trealamh speisialaithe a ghabhann leo nó codanna de.

MAIDIR LE MÓTARFHEITHICLÍ, TREALAMH AGUS CODANNA DÍOBH

ROINN A

FORÁLACHA GINEARÁLTA

FOROINN 1

SAINMHÍNITHE

1. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn ‘Comhaontú 1958’ an Comhaontú maidir le Glacadh Rialachán Comhchuibhithe ó na Náisiúin Aontaithe i dtaca le Feithiclí Rothacha, Trealamh agus Páirteanna is féidir a Fheistiú agus/nó a Úsáid ar Fheithiclí Rothacha agus maidir leis na Coinníollacha i ndáil le hAitheantas Frithpháirteach le haghaidh Ceaduithe a Dheonaítear ar Bhonn na Rialachán sin ó na Náisiúin Aontaithe, arna dhéanamh sa Ghinéiv an 20 Márta 1958, arna riaradh ag WP.29, agus gach leasú agus athbhreithniú a dhéantar air ina dhiaidh sin;
 - (b) ciallaíonn ‘CC 2017’ eagrán 2017 den Chóras Comhchuibhithe Ainmníochta arna eisiúint ag an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim;

- (c) ciallaíonn ‘Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe’ rialacháin theicniúla arna nglacadh i gcomhréir le Comhaontú 1958; agus
 - (d) ciallaíonn ‘WP.29’ An Fóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí faoi chuimsiú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (dá ngairtear ‘CEE-NA’ anseo feasta).
2. Beidh an bhrí chéanna leis na téarmaí a úsáidtear san Iarscríbhinn seo agus a shainmhínítear i gComhaontú 1958 nó in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil (Comhaontú EDT-BTT).

FOROINN 2

FORÁLACHA TOSAIGH

1. Leis seo, aithníonn na Páirtithe an ceart atá ag gach Páirtí a leibhéal inmhianaithe cosanta sláinte, sábháilteachta, comhshaoil agus tomhaltóra a chinneadh.
2. Beidh feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir le trádáil idir na Páirtithe i ngach catagóir feithiclí bóthair féinghluaiste, lena n-áirítear carranna, busanna, gluaisrothair, veaineanna agus trucaílí, mar aon lena dtrealamh agus lena bpáirteanna, a thagann, i measc nithe eile, faoi Chaibidlí 40, 84, 85, 87, 90 agus 94 de CC 2017 (dá ngairtear ‘táirgí a chumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo’ anseo feasta).

3. Maidir le táirgí a chumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo, is iad seo a leanas cuspóirí na hIarscríbhinne seo:
- (b) bacainní teicniúla nach bhfuil gá leo ar thrádáil dhéthaobhach a dhíothú agus a chosc agus rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a shimpliú, nuair is féidir;
 - (c) dálaí iomaíocha margaidh bunaithe ar phrionsabail na hoscailteachta, an neamh-idirdhealaithe agus na trédhearcachta a bhunú; agus
 - (d) an comhar a fheabhsú chun forbairt leanúnach chomhthairbheach sa trádáil a chothú.
4. Aithníonn Stáit Sínithe MERCOSUR Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe mar thagairt úsáideach chun a rialacháin agus a nósanna imeachta um measúnú comhréireachta maidir le táirgí a chumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo a ullmhú agus a ghlacadh. Caomhnaíonn na Stáit Sínithe MERCOSUR a gceart chun rialáil trí úsáid a bhaint as tagairtí eile seachas na Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe.

ROINN B

FORÁLACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH

1. Maidir leis na ceanglais i ndlíthe agus rialacháin Páirtí nach Páirtí Conarthach i gComhaontú 1958 é, ar ceanglais iad ina ndéantar tagairt do Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe mar a liostaítear i bhFoscúbhinn 13-B-1 nó ina n-ionchorpraítear go hiomlán iad, glacfaidh an Páirtí sin, i gcomhréir leis na ceanglais sin, leis na tuarascálacha tástála arna n-eisiúint ag an bPáirtí eile faoi chóras cineálcheadaithe na Náisiúin Aontaithe, chun comhlíonadh a cheanglas teicniúil comhfhreagrach a chruthú. Sna cásanna sin, áiritheoidh an Páirtí a ghlacann leis na tuarascálacha tástála go ndéanfar na nósanna imeachta chun deimhnithe intíre a eisiúint ar bhonn ghlacadh na dtuarascálacha sin ar bhealach gasta. Má tá an tsaotharlann creidiúnaithe le haghaidh an raoin feidhme ábhartha ag comhalta de chomhlacht creidiúnaithe an Chomhair idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne, ní cheanglófar go mbeadh oifigeach arna údarú ag údarás an Pháirtí a ghlacann leis na tuarascálacha tástála i láthair le linn na dtástálacha sin. Ba cheart na táillí poiblí is infheidhme a bheith comhréireach leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil.
2. Maidir le Páirtí nach Páirtí Conarthach i gComhaontú 1958 é, má ghlacann sé, de réir a dhlíthe agus rialacháin, le deimhnithe arna n-eisiúint ag an bPáirtí eile faoi chóras cineálcheadaithe na Náisiúin Aontaithe mar chruthúnas ar chomhlíontacht lena cheanglais, nó i gcás cineálcheadú feithiclí iomlána, má ghlacann sé le deimhnithe arna n-eisiúint faoi chóras cineálcheadaithe an Aontais Eorpaigh freisin, chun na deimhnithe intíre comhfhreagracha a eisiúint, leagtar amach an liosta ceanglas sin, a bhunaíonn an Páirtí a ghlacann leis na deimhnithe de réir a anailíse teicniúla agus chritéar féin, i bhFoscúbhinn 13-B-2.

3. Leagtar amach i bhFoscúbhinní 13-B-1 agus 13-B-2 an liosta ceanglas a thagann faoi mhíreanna 1 agus 2 den Roinn seo, a bhunaíonn gach Páirtí de réir na hanailíse teicniúla agus na gcrítéar a rinne sé roimhe seo. Nuair is gá, agus de réir a anailíse teicniúla agus a chritéar féin, tabharfaidh gach Páirtí a liostaí féin cothrom le dáta. Cuirfear na nuashonruithe ar fáil go poiblí ar líne saor in aisce agus cuirfidh comhordaitheoir Chaibidil BTT an Pháirtí a dhéanann an nuashonrú iad in iúl do chomhordaitheoir Chaibidil BTT an Pháirtí eile.
4. Tá oibleagáidí Páirtí de bhun mhíreanna 1, 2 agus 3 den Roinn seo gan dochar dá cheart leigheasanna intíre atá ar fáil a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear, más iomchuí, glacadh le tuarascáil tástála a tharraingt siar, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.
5. Má leasaíonn Páirtí amháin a rialacháin theicniúla nó a nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a liostaítear i bhFoscúbhinní 13-B-1 agus 13-B-2, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile roimh ré. Beidh glacadh le toradh tástála nó le deimhniú bailí go dtí go dtiocfaidh an rialachán nó na nósanna imeachta leasaithe i bhfeidhm.

6. Glacfar san Aontas Eorpach le tuarascálacha tástála arna n-eisiúint ag saotharlanna atá suite i gcríoch Stát Sínthe MERCOSUR, ar brainsí nó fochonraitheoirí iad de shaotharlanna atá bunaithe san Aontas Eorpach agus atá ceaptha ag an Aontas Eorpach faoi chórais chineálcheadaithe an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe, i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme, agus déanfar an nós imeachta chun an deimhniú comhfhreagrach de chuid an Aontais Eorpaigh nó na Náisiún Aontaithe a eisiúint ar bhealach gasta. Chun críoch trédhearcachta, is é comhordaitheoir Chaibidil BTT an Pháirtí a fhoilsíonn an liosta a dhéanfaidh an liosta saotharlann sin a chur ar fáil go poiblí saor in aisce, a choinneáil cothrom le dáta agus a chur in iúl do chomhordaitheoir Chaibidil BTT. Tá an méid sin gan dochar d'oibleagáidí Páirtí atá ina Pháirtí Conarthach i gComhaontú 1958 glacadh le tuarascálacha tástála agus deimhnithe arna n-eisiúint ag saotharlanna arna gceapadh faoi chórais chineálcheadaithe na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear a mbrainsí nó a bhfochonraitheoirí, i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla a leagtar síos sa chomhaontú sin.
7. Staonfaidh gach Páirtí ó na sochair a fhabhraíonn don Pháirtí eile faoin Iarscríbhinn seo a neamhniú nó a lagú trí bhearta rialála a ghlacadh nó choinneáil ar bun a bhaineann go sonrach leis na táirgí a chumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo. Tá an méid sin gan dochar do cheart na bPáirtithe bearta a ghlacadh a bhfuil gá leo maidir le sábháilteacht ar bhóithre, cosaint don chomhshaol nó don tsláinte phoiblí agus cosc cleachtas meabhlach.

ROINN C

COMHAR COMHPHÁIRTEACH

1. Féachfaidh na Páirtithe le faisnéis a mhalartú, oibriú i gcomhar le chéile agus idirphlé oscailte leanúnach a choinneáil ar bun maidir lena rialacháin theicniúla agus a nósanna imeachta um measúnú comhréireachta faoi seach a bhaineann le sábháilteacht mótarfheithiclí agus cosaint an chomhshaoil. Féadfar a áireamh sna réimsí comhair faoin mír seo na réimsí seo a leanas:
 - (a) forbairt agus bunú rialachán teicniúil, nósanna imeachta um measúnú comhréireachta nó caighdeán gaolmhara mar aon le hathbhreithnithe iar-chur chun feidhme orthu;
 - (b) faisnéis a fhorbairt agus a scaipeadh le haghaidh úsáid tomhaltóirí a bhaineann le rialacháin mótarfheithiclí nó le caighdeáin ghaolmhara;
 - (c) faireachas margaidh maidir le fabhtanna a bhaineann le sábháilteacht nó le hastaíochtaí a shainaithint agus maidir le neamhchomhlíonadh rialachán teicniúil;
 - (d) pleananna oibre rialála maidir le sábháilteacht mótarfheithiclí agus rialacháin chomhshaoil;
 - (e) faisnéis maidir leis an measúnú ar theicneolaíochtaí nua nó ar ghnéithe nua atá le hionchorprú i bhfeithiclí; agus

(f) anailísí comhpháirteacha agus forbairt modheolaíochtaí agus cur chuige, atá comhthairbheach, praiticiúil agus áisiúil, chun cuidiú le forbairt na rialachán teicniúil um mótarfheithiclí nó na gcaighdeán gaolmhar agus chun iad a éascú.

2. Déanfaidh na Páirtithe bunú brainsí agus fochonraitheoirí saotharlann atá creidiúnaithe faoi chóras cineálcheadaithe CEE-NA a chur chun cinn i gcríocha Stáit Sínthe MERCOSUR. Chun méadú ar líon na saotharlann sin in MERCOSUR a spreagadh, déanfaidh an tAontas Eorpach, i measc gníomhaíochtaí eile, an liosta brainsí agus saotharlann sin a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta agus, arna iarraidh sin, soláthróidh sé treoir a mhéid a bhaineann le creidiúnú. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun na forálacha i mír 6 de Roinn B den Iarscríbhinn seo a scaipeadh ar shaotharlanna CEE-NA agus monaróirí táirgí a chumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo araon.

ROINN D

CUR CHUN FEIDHME

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar agus malartóidh siad faisnéis maidir le haon saincheist atá ábhartha i dtaca le cur chun feidhme na hIarscríbhinne seo san Fhochoiste um thrádáil in earraí, dá dtagraítear in Airteagal 13.14 den Chomhaontú seo.

AN LIOSTA TUARASCÁLACHA TASTÁLA A nGLACTAR LEO
I gCOMHRÉIR LE MÍR 1 DE ROINN B d'IARSCRÍBHINN 13-B

an Airgintín

Uimhir an Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe	Teideal an Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe
Uimh. 1	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú ceannlampaí mótarfheithicil as a n-astaíonn léas maolaithe neamhshiméadrach agus/nó léas tiomána agus atá feistithe le lampaí filiméid faoi chatagóirí R2 agus/nó CC1
Uimh. 3.02	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú gaireas ais-fhrithchaiteacha d'fheithiclí cumhacht-tiomáinte agus a leantóirí
Uimh. 4	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú gaireas soilseacháin an phláta cláraithe cúil d'fheithiclí cumhacht-tiomáinte agus a leantóirí
Uimh. 7.02	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú lampaí tosaigh agus lampaí cúil, soilse coscáin agus lampaí cúil imlíne do mhótarfheithiclí (seachas gluaisrothair) agus dá leantóirí
Uimh. 8	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú ceannlampaí mótarfheithicil as a n-astaíonn léas maolaithe neamhshiméadrach nó léas tiomána nó an dá cheann acu agus atá feistithe le lampaí filiméid halaigine (H1, H2, H3, HB3, HB4, H7, H8, H9, HIR1, HIR2 agus/nó H11)
Uimh. 11.02	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithicilí i ndáil le laistí dorais agus comhpháirteanna coinneála doirse
Uimh. 12	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithicilí i ndáil le cosaint an tiománaí ar an meicníocht stiúrtha i gcás tuairte

Uimhir an Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe	Teideal an Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe
Uimh. 12.03	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil le cosaint an tiománaí ar an meicníocht stiúrtha i gcás tuairte
Uimh. 13.07/13.09/13.11	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí faoi chatagóirí m, n agus o i ndáil le coscánú
Uimh. 13H.00	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú gluaisteán paisinéirí i ndáil le coscánú
Uimh. 14.03/14.06	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil le daingnithe creasa sábhála
Uimh. 16.04/16.05	Forálacha aonfhoirmeacha maidir leis na nithe seo a leanas a fhorghnó: I. criosanna sábhála, srianta sábháilteachta, srianta sábháilteachta linbh agus srianta sábháilteachta linbh Isofix do thaistealaithe feithiclí cumhacht-tiomáinte; agus II. feithiclí atá feistithe le criosanna sábhála, meabhrúcháin creasa sábhála, srianta sábháilteachta, srianta sábháilteachta linbh, srianta sábháilteachta linbh Isofix agus srianta sábháilteachta linbh i-Size
Uimh. 17.06	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil leis na suíocháin, a ndaingnithe agus aon taca cinn
Uimh. 19.02	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú lampaí ceo tosaigh ar fheithiclí cumhacht-tiomáinte
Uimh. 23	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú lampaí cúlaithe agus ainlithe d'fheithiclí cumhacht-tiomáinte agus dá leantóirí
Uimh. 24.04	Forálacha aonfhoirmeacha maidir leis an méid seo a leanas: I. cineálcheadú inneall adhainte chomhbhrú maidir le hastú truaileán sofheicthe; II cineálcheadú mótarfheithiclí maidir le suiteáil inneall adhainte chomhbhrú de chineál cineálcheadaithe; III. cineálcheadú mótarfheithiclí atá feistithe le hinnill adhainte chomhbhrú maidir le hastú truaileán sofheicthe ag an inneall; agus IV. cumhacht innill adhainte chomhbhrú a thomhas

Uimhir an Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe	Teideal an Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe
Uimh. 28	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú gaireas rabhaidh inchloiste agus mótarfheithiclí i ndáil lena gcomharthaí inchloiste
Uimh. 30.00	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú bonn neomatach le haghaidh mótarfheithiclí agus a leantóirí
Uimh. 30.02	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú bonn neomatach le haghaidh mótarfheithiclí agus a leantóirí
Uimh. 32.00	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil le hiompraíocht struchtúr na feithicle tuairte i gcás imbhualadh deiridh
Uimh. 34.02	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil le rioscaí dóiteáin a chosc
Uimh. 37/37.03	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú lampaí filiméid lena n-úsáid i lampaí cineálcheadaithe ar fheithiclí cumhacht-tiomáinte agus a leantóirí
Uimh. 38	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú lampaí ceo cúil d'fheithiclí cumhacht-tiomáinte agus dá leantóirí
Uimh. 43.00	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú ábhar gloinithe sábháilteachta agus fheistiú na n-ábhar sin ar fheithiclí
Uimh. 46.01	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú gaireas amhairc neamhdhírigh agus mótarfheithiclí i ndáil le suiteáil na ngaireas sin
Uimh. 48/48.01/48.03	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil le gairis soilsiúcháin agus solaschomharthaíochta a shuiteáil
Uimh. 50	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú taobhlampaí tosaigh, lampaí cúil, soilse coscáin, treotháscairí agus gaireas soilseacháin an phláta cláraithe cúil d'fheithiclí faoi chatagóir L
Uimh. 53	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí faoi chatagóir L ₃ i ndáil le gairis soilsiúcháin agus solaschomharthaíochta a shuiteáil

Uimhir an Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe	Teideal an Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe
Uimh. 54.00	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú bonn neomatach le haghaidh feithiclí tráchtála agus a leantóirí
Uimh. 58	Forálacha aonfhoirmeacha maidir leis na nithe seo a leanas a fhorghnó: I. gléasanna cosanta fobharra cúil; II. feithiclí i ndáil le suiteáil gléasanna cosanta fobharra cúil de chineál cineálcheadaithe; agus III. feithiclí i ndáil lena bhfobharra cosanta ar cúil
Uimh. 60	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú gluaisrothar agus móipéidí dhá roth i ndáil le rialuithe arna n-oibriú ag tiománaí lena n-áirítear rialuithe, leideoirí agus táscairí a shainaithint
Uimh. 72	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú ceannlampaí gluaisrothar as a n-astaíonn léas maolaithe neamhshiméadrach agus léas tiomána agus atá feistithe le lampaí halaigine (lampaí CC1)
Uimh. 73	Forálacha aonfhoirmeacha maidir leis na nithe seo a leanas a fhorghnó: I. feithiclí maidir lena ngléasanna fobharra cosanta taoibh; II. gléasanna fobharra cosanta taoibh; agus III. feithiclí maidir le suiteáil gléasanna fobharra cosanta taoibh de chineál cineálcheadaithe i gcomhréir le Cuid II den Rialachán seo.
Uimh. 74	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí faoi chatagóir L1 i ndáil le gairis soilsiúcháin agus solaschomharthaíochta a shuiteáil
Uimh. 75	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú bonn neomatach le haghaidh gluaisrothar agus móipéidí
Uimh. 76	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú ceannlampaí le haghaidh móipéidí as a n-astaíonn léas tiomána agus léas tardhula
Uimh. 77	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú lampaí páirceála le haghaidh feithiclí cumhacht-tiomáinte
Uimh. 78	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí faoi chatagóirí L ₁ , L ₂ , L ₃ , L ₄ agus L ₅ i ndáil le coscánú
Uimh. 81	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú scáthán siar atá i bhfeithiclí cumhacht-tiomáinte dhá roth a bhfuil taobhcharr acu nó nach bhfuil, i ndáil le scátháin siar a fheistiú ar hanlaí

Uimhir an Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe	Teideal an Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe
Uimh. 87	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú lampaí reatha lae le haghaidh feithiclí cumhacht-tiomáinte
Uimh. 91	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú lampaí taobhmharcóra le haghaidh mótarfheithiclí agus a leantóirí
Uimh. 94.01	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil leis na taistealaithe a chosaint i gcás imbhualadh tosaigh
Uimh. 95.02	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil leis na taistealaithe a chosaint i gcás imbhualadh taobhach
Uimh. 98	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú ceannlampaí mótarfheithiclí atá feistithe le foinsí solais gás-díluchtaithe
Uimh. 99	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú foinsí solais gás-díluchtaithe lena n-úsáid in aonaid feadán gás-díluchtúcháin chineálcheadaithe i bhfeithiclí cumhacht-tiomáinte
Uimh. 100	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil le ceanglais shonracha don ghléasra cumhachta leictirí
Uimh. 113	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú ceannlampaí mótarfheithiclí as a n-astaíonn léas maolaithe siméadrach nó léas tiomána nó an dá cheann acu agus atá feistithe le foinsí solais gás-díluchtaithe filiméid nó modúil LED
Uimh. 118.00	Saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha maidir leis an iompraíocht dócháin agus/nó an cumas éartha breosla nó bealaidh ábhar a úsáidtear chun catagóirí áirithe mótarfheithiclí a thógáil
Uimh. 121.00	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil le suíomh agus le sainaitheint rialaitheoirí láimhe, leideoirí agus táscairí
Uimh. 128	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú foinsí solais dé-óide astaithe solais (LED) lena n-úsáid i lampa-aonaid chineálcheadaithe ar fheithiclí cumhacht-tiomáinte agus a leantóirí

an Bhresaíl

Uimhir an Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe	Teideal an Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe
Uimh. 3	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú gaireas ais-fhrithchaiteacha d'fheithiclí cumhacht-tiomáinte agus a leantóirí
Uimh. 11	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil le laistí dorais agus comhpháirteanna coinneála doirse
Uimh. 13	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí faoi chatagóirí m, n agus o i ndáil le coscánú
Uimh. 14	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil le daingnithe creasa sábhála
Uimh. 16	Forálacha aonfhoirmeacha maidir leis na nithe seo a leanas a fhormheas: I. criosanna sábhála, srianta sábháilteachta, srianta sábháilteachta linbh agus srianta sábháilteachta linbh Isofix do thaistealaithe feithiclí cumhacht-tiomáinte; II. feithiclí atá feistithe le criosanna sábhála, meabhrúcháin creasa sábhála, srianta sábháilteachta, srianta sábháilteachta linbh, srianta sábháilteachta linbh Isofix agus srianta sábháilteachta linbh i-Size
Uimh. 17	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil leis na suíocháin, a ndaingnithe agus aon taca cinn
Uimh. 25	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú srianta ceannbhaic (tacaí cinn), bídís ionchorpraithe i suíocháin feithicle nó ná bídís
Uimh. 28	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú gaireas rabhaidh inchloiste agus mótarfheithiclí i ndáil lena gcomharthaí inchloiste
Uimh. 32	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil le hiompraíocht struchtúr na feithicle tuairte i gcás imbhualadh deiridh
Uimh. 34	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil le rioscaí dóiteáin a chosc
Uimh. 43	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú ábhar gloinithe sábháilteachta agus fheistiú na n-ábhar sin ar fheithiclí

Uimhir an Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe	Teideal an Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe
Uimh. 46	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú gaireas amhairc neamhdhírigh agus mótarfheithiclí i ndáil le suiteáil na ngaireas sin
Uimh. 48	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil le gairis soilsiúcháin agus solaschomharthaíochta a shuiteáil
Uimh. 64	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil lena dtrealamh, a bhféadfaidh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh iontu: aonad spártha le haghaidh úsáid shealadach, boinn féintacaithe
Uimh. 66	Saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí móra paisinéirí i ndáil le neart a bhforstruchtúir
Uimh. 94	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil leis na taistealaithe a chosaint i gcás imbhualadh tosaigh
Uimh. 95	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil leis na taistealaithe a chosaint i gcás imbhualadh taobhach
Uimh. 100	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil le ceanglais shonracha don ghléasra cumhachta leictirí
Uimh. 107	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí M2 nó M3 i ndáil lena ndéanmhas ginearálta
Uimh. 118	Saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha maidir leis an iompraíocht dócháin agus/nó an cumas éartha breosla nó bealaidh ábhar a úsáidtear chun catagóirí áirithe mótarfheithiclí a thógáil
Uimh. 121	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil le suíomh agus le sainaithint rialaitheoirí láimhe, leideoirí agus táscairí
Uimh. 131	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i ndáil leis na hArdchórais Coscánaithe Éigeandála
Uimh. 135	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil lena bhfeidhmíocht i gcás Taobhthuairt in aghaidh Cuaille

Paragua

Uimhir an Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe	Teideal an Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe
--	---

Ceann ar bith.

Uragua

Uimhir an Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe	Teideal an Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe
Uimh. 13	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí faoi chatagóirí M, N agus O i ndáil le coscánú
Uimh. 13H	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú gluaisteán paisinéirí i ndáil le coscánú
Uimh. 14	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil le daingnithe creasa sábhála
Uimh. 16	Forálacha aonfhoirmeacha maidir leis na nithe seo a leanas a fhorhmeas: I. Criosanna sábháilteachta, srianta sábháilteachta, srianta sábháilteachta linbh agus srianta sábháilteachta linbh ISOFIX do thaistealaithe feithiclí cumhacht-tiomáinte Feithiclí atá feistithe le criosanna sábhála, meabhrúcháin creasa sábhála, srianta sábháilteachta, srianta sábháilteachta linbh, srianta sábháilteachta linbh Isofix agus srianta sábháilteachta linbh i-Size
Uimh. 17	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil leis na suíocháin, a ndaingnithe agus aon taca cinn
Uimh. 22	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú clogad cosanta agus a scáthlán le haghaidh tiománaithe agus paisinéirí gluaisrothar agus móipéidí
Uimh. 25	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú srianta ceannbhaic (tacaí cinn), bídís ionchorpraithe i suíocháin feithicle nó ná bídís
Uimh. 44	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú gléasanna um shrianadh le haghaidh leanaí atá i bhfeithiclí cumhacht-tiomáinte ('Córais Srianta Sábháilteachta Linbh')
Uimh. 49	Forálacha aonfhoirmeacha maidir leis na bearta atá le glacadh in aghaidh astaíochtaí truailleán gásach agus cáithníní ó innill adhainte comhbhrú agus ó innill adhainte deimhní lena n-úsáid i bhfeithiclí
Uimh. 75	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú bonn neomatach le

	haghaidh gluaisrothar agus móipéidí
Uimh. 80	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú suíochán i bhfeithiclí móra paisinéirí agus i ndáil le neart na suíochán agus a ndaingnithe
Uimh. 83	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil leis an astú truailleán de réir riachtanais breosla inneall
Uimh. 94	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil leis na taistealaithe a chosaint i gcás imbhuailtí tosaigh
Uimh. 101	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú gluaisteán paisinéirí a chumhachtaítear le hinneall dócháin inmheánaigh agus é sin amháin, nó a chumhachtaítear le gléasra cumhachta leictirí hibridí i ndáil le hastaíocht dé-ocsaíde carbóin agus ídithe breosla a thomhas agus/nó ídiú fuinnimh leictirigh agus raon leictreach a thomhas, agus feithiclí i gcatagóirí M ₁ agus N ₁ a chumhachtaítear le gléasra cumhachta leictirí agus é sin amháin i ndáil le hídiú fuinnimh leictirigh agus raon leictreach a thomhas
Uimh. 129	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú Córas Sriantha Sábháilteachta Linbh a úsáidtear ar bord mótarfeithiclí
Uimh. 145	Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú feithiclí i ndáil le córais ancaireachta Isofix, ancaireachtaí uachtaracha Isofix, agus ionaid suí i-Size

AN LIOSTA DEIMHNITHE A nGLACTAR LEO
I gCOMHRÉIR LE MÍR 2 DE ROINN B d'IARSCRÍBHINN 13-B

an Airgintín

(i) Cineálcheadú Feithiclí Iomlána an Chomhphobail Eorpaigh

Maidir le: Feithiclí faoi chatagóirí M1, M2, N1, N2 agus N3, a bhfuil a raon feidhme teoranta do cheanglais sábháilteachta feithiclí gníomhacha agus éighníomhacha, faoi na coinníollacha a leagtar amach i Rún Uimh. 15 ó iar- SECRETARÍA DE INDUSTRIA de chuid iar-MINISTERIO DE PRODUCCIÓN Y TRABAJO na hAirgintíne an 31 Eanáir 2019 agus sna gníomhartha comhlántacha.

(ii) Deimhnithe ar chineálcheadú eile de chuid na Náisiún Aontaithe; (Ionadchoinneálaí le haghaidh leasuithe a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo ar an bhFoscúbhinn seo de bhunmhíreanna 2, 3 agus 5 de Roinn B d'Iarscríbhinn 13-B)

an Bhrasaíl

Ceann ar bith.

Paragua

Ceann ar bith.

Uragua

Maidir le gach ceann de na Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe a shainaithníonn Uragua i bhFoscábhinn 5-B-1, glactar leis na deimhnithe comhfhreagracha arna n-eisiúint faoi chóras cineálcheadaithe na Náisiúin Aontaithe mar chruthúnas ar chomhlíonadh na gceanglas intíre. Tá an méid sin gan dochar do cheanglais bhreise um measúnú comhréireachta a d'fhéadfaí a fhorchur faoin reachtaíocht intíre a shonraítear thíos le haghaidh gach Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe:

- (i) Rialacháin Uimh. 13, 13H, 14, 16, 17, 25, 80, 94 agus 145 ó na Náisiúin Aontaithe: Foraithe Uimh. 81/014 agus na leasuithe uirthi, lena rialaítear Dlí Uimh. 19.061 an 6 Eanáir 2013, maidir le rialacháin tráchta agus sábháilteachta ar bhóithre.
- (ii) Rialacháin Uimh. 44 agus 129 ó na Náisiúin Aontaithe: Caibidil I d'Iarscríbhinn I d'Fhoraithe Uimh. 81/014, lena rialaítear Dlí Uimh. 19.061 an 6 Eanáir 2013, maidir le rialacháin tráchta agus sábháilteachta ar bhóithre, arna leasú le Foraithe Uimh. 8/024.
- (iii) Rialachán Uimh. 75 ó na Náisiúin Aontaithe: Foraithe Uimh. 213/017, lena bhformheastar an rialachán teicniúil le haghaidh boinn gluaisrothar agus móipéidí nua.
- (iv) Rialacháin Uimh. 49 agus 83 ó na Náisiúin Aontaithe: Foraitheanta Uimh. 135/021 agus 362/022, lena bhformheastar agus lena leasaítear, faoi seach, an rialachán maidir le cáilíocht an aeir.
- (v) Rialachán Uimh. 101 ó na Náisiúin Aontaithe: Rúin ón Aireacht Tionscail, Fuinnimh agus Mhianadóireachta dar dáta an 17 Márta 2023, agus an 25 Deireadh Fómhair 2024, lena sainítear na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta maidir le lipéadú éifeachtúlachta fuinnimh feithiclí nua.

CRIOSANNA, DEIGHLEOGA AGUS STÁDAS LOTNAIDE A AITHINT

1. I gcomhréir le forálacha Airteagal 14.12, an Páirtí is onnmhaireoir a bhfuil aitheantas an Pháirtí is allmhaireoir á lorg aige ar a chriosanna agus a dheighleoga, lena n-áirítear limistéir saor ó lotnaidí nó limistéir saor ó ghalair agus limistéir ina bhfuil leibhéal íseal lotnaidí nó galar agus criosanna cosanta, más infheidhme, tabharfaidh sé fógra faoina iarraidh ar aitheantas don Pháirtí is allmhaireoir.
2. Tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile faoi aon athrú ar na bearta a shonraítear i mír 1 a bhaineann leis an ngalar nó leis an lotnaid. I gcás inár iarr an Páirtí is allmhaireoir ráthaíochtaí breise, féadfar na ráthaíochtaí breise sin a leasú nó a tharraingt siar, i bhfianaise an fhógra sin.
3. Beidh míniú ag gabháil leis an bhfógra dá dtagraítear i mír 1 lena dtacaítear leis an iarraidh ar aitheantas do chrios agus deighleog mar aon le sonraí tacaíochta eile ina leagfar amach an méid seo a leanas, go háirithe:
 - (a) maidir le sláinte ainmhithe:
 - (i) cineál an ghalair agus stair an ghalair i gcríoch an Pháirtí is onnmhaireoir;
 - (ii) torthaí na tástála faireachais bunaithe ar imscrúdú séireolaíoch, micribhitheolaíoch, paiteolaíoch nó eipidéimeolaíoch agus an tréimhse ar lena linn a rinneadh an faireachas;
 - (iii) léiriú i dtaobh cé acu is gá fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla faoin ngalar nó nach gá;

- (iv) más infheidhme, an tréimhse ina raibh toirmeasc ar vacsaíniú in aghaidh an ghalar agus an limistéar geografach lena mbaineann an toirmeasc; agus
- (v) na bearta sláintíochta agus fiteashláintíochta a glacadh chun a fhíorú nach ann don ghalar.

(b) maidir le sláinte plandaí:

- (i) liosta lotnaidí rialáilte arna mbunú de bhun mhír 10 d'Airteagal 14.10, lena n-áirítear coraintín rialáilte agus lotnaidí neamhchoraintín rialáilte lena n-áirítear:
 - (A) lotnaidí coraintín rialáilte: lotnaidí a bhféadfadh tábhacht eacnamaíoch a bheith ag baint leo agus nach eol go bhfuil siad in aon chuid de chríoch an Pháirtí is onnmhaireoir;
 - (B) lotnaidí coraintín rialáilte: lotnaidí a bhféadfadh tábhacht eacnamaíoch a bheith ag baint leo agus atá i gcríoch an Pháirtí is onnmhaireoir ach nach bhfuil ann go forleathan agus atá faoi rialú;
 - (C) lotnaidí neamhchoraintín rialáilte; agus
 - (D) más infheidhme, lotnaidí nach eol go bhfuil siad sna limistéir saor ó lotnaidí ina bhfuil ceanglais dhlíthiúla i bhfeidhm chun an stádas saor ó lotnaidí (criosanna cosanta) a choinneáil, lena n-áirítear ceanglais ghluaiseachta agus allmhairiúcháin le haghaidh plandaí óstacha.

4. Aon athrú ar an liosta lotnaidí coraintín rialáilte agus lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a bhunaítear i bpointe (b)(i) de mhír 3, beidh sé bunaithe ar mheasúnú dóchúláíoch riosca nó ar fhaisnéis theicniúil ábhartha agus cuirfear in iúl é don Pháirtí eile i gcomhréir le hAirteagal 14.11.

BEARTA COIMIRCE DÉTHAOBHACHA LE hAGHAIDH FEITHICLÍ A AICMÍTEAR
FAOI CHEANNTÉIDIL CC 8703 AGUS 8704

ROINN A

SAINMHÍNITHE

AIRTEAGAL 1

Sainmhínithe

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘beart coimirce déthaobhach le haghaidh feithiclí’ beart coimirce déthaobhach le haghaidh feithiclí a aicmítear faoi cheanntéidil CC 8703 agus 8704, mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn seo.
- (b) ciallaíonn ‘údarás inniúil imscrúdúcháin’:
 - (i) i gcás an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún Eorpach; agus

(ii) i gcás MERCOSUR:

(A) i gcás na hAirgintíne, Secretaría de Industria y Comercio del Ministerio de Economía nó a chomharba;

(B) i gcás na Brasaíle, Secretaria de Comércio Exterior den Ministério do Desenvolvimento, Indústria, Comércio e Serviços nó a chomharba;

(C) i gcás Pharagua, Ministerio de Industria y Comercio nó a chomharba; agus

(D) i gcás Uragua, Asesoría de Política Comercial del Ministerio de Economía y Finanzas nó a chomharba;

(c) ciallaíonn ‘tionscal intíre feithiclí’ táirgeoirí na bhfeithiclí comhchosúla nó na bhfeithiclí díriomaíocha ina n- iomláine a oibríonn laistigh de chríoch Pháirtí, nó dá uireasa sin, táirgeoirí arb é a n-aschur comhchoiteann de na feithiclí comhchosúla nó díriomaíocha de ghnáth níos mó ná 50 % (caoga faoin gcéad) agus in imthosca eisceachtúla aschur nach lú ná 25 % (fíche a cúig faoin gcéad) de tháirgeadh iomlán na bhfeithiclí sin;

(d) ciallaíonn ‘díobháil’ díobháil ábhartha do thionscal intíre, bagairt díobhála ábhartha do thionscal intíre nó moilliú ábhartha ar bhunú an tionscail sin.

(e) cuimsíonn an téarma ‘páirtithe leasmhara’ na páirtithe seo a leanas:

- (i) onnmhaireoirí nó táirgeoirí eachtracha nó allmhaireoirí eachtracha feithicle atá faoi réir imscrúdú, nó comhlachas trádála nó gnó ar táirgeoirí, onnmhaireoirí nó allmhaireoirí feithiclí den sórt sin tromlach a chomhaltaí;
- (ii) rialtas an Pháirtí is onnmhaireoir; agus
- (iii) táirgeoirí feithicle comhchosúla nó díriomaíche sa Pháirtí is allmhaireoir nó comhlachas trádála agus gnó a dtáirgeann tromlach a chomhaltaí an fheithicil chomhchosúil nó an fheithicil dhíriomaíoch i gcríoch an Pháirtí is allmhaireoir;

ní chuireann an liosta sin bac ar na Páirtithe é a chur ar a gcumas do pháirtithe intíre nó eachtracha seachas iad siúd a luaitear thuas a bheith san áireamh mar pháirtithe leasmhara;

(f) ciallaíonn ‘feithicil chomhchosúil nó feithicil dhíriomaíoch’:

- (i) feithicil atá comhionann, ó thaobh gach gné de, leis an bhfeithicil i gceist;
- (ii) feithicil eile, cé nach cosúil gach gné di, a bhfuil saintréithe aici atá an-chosúil le saintréithe na feithicle i gceist; nó
- (iii) feithicil atá in iomaíocht dhíreach leis an bhfeithicil i gceist, laistigh de mhargadh inmheánach an Pháirtí is allmhaireoir, i bhfianaise a hinionadaitheachta, a buntréithe fisiciúla, a sonraíochtaí teicniúla, a húsáidí deiridh agus a bealaí dáileacháin;

níl an liosta tosca sin uileghabhálach, agus ní gá go dtabharfaí treoraíocht chinntitheach le ceann amháin nó níos mó de na tosca sin; agus

(g) ciallaíonn ‘idirthréimhse’:

- (i) 12 bhliain (dhá bhliain déag) ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, i gcás feithiclí dá ndéantar foráil sa Sceideal um Dhíothú Taraifí maidir le díothú taraifí faoi cheann tréimhse is giorra ná 10 (deich) mbliana, ar sceideal é dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 10-A an Pháirtí a chuireann na bearta i bhfeidhm;
- (ii) 18 mbliana (ocht mbliana déag) ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, i gcás feithiclí dá ndéantar foráil sa Sceideal um Dhíothú Taraifí maidir le díothú taraifí faoi cheann tréimhse 10 (deich) mbliana nó 15 bliana (cúig bliana déag), ar sceideal é dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 10-A an Pháirtí a chuireann na bearta i bhfeidhm;
- (iii) 20 (fiche) bliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, i gcás feithiclí dá ndéantar foráil sa Sceideal um Dhíothú Taraifí maidir le díothú taraifí faoi cheann tréimhse 18 mbliana (ocht mbliana déag), ar sceideal é dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 10-A an Pháirtí a chuireann na bearta i bhfeidhm; nó
- (iv) 25 bliana (cúig bliana is fiche) ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, i gcás feithiclí dá ndéantar foráil sa Sceideal um Dhíothú Taraifí maidir le díothú taraifí faoi cheann tréimhse 25 bhliain (cúig bliana is fiche) nó níos mó, ar sceideal é dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 10-A an Pháirtí a chuireann na bearta i bhfeidhm.

ROINN B

COINNÍOLLACHA MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM BEART COIMIRCE DÉTHAOBHACH LE HAGHAIDH FEITHICLÍ A AICMÍTEAR FAOI CHEANNTEIDIL CC 8703 AGUS 8704

AIRTEAGAL 2

Bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm le haghaidh feithiclí

1. D'fhonn na leibhéil infheistíochta coigríche atá ann cheana san earnáil mótarfeithiclí a chaomhnú agus gan dochar do na cearta agus na hoibleagáidí dá dtagraítear i gCaibidil 16 den Chomhaontú seo, féadfaidh na Páirtithe, in imthosca eisceachtúla, bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm faoi na coinníollacha a bhunaítear sa Roinn seo más rud é, tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, go bhfuil dearbhmheadú nó méadú coibhneasta tagtha ar allmhairí feithiclí a aicmítear faoi cheannteidil CC 8703 agus 8704 faoi théarmaí fabhracha i gcoibhneas le táirgeadh nó tomhaltas intíre i gcainníochtaí agus faoi choinníollacha den sórt sin a dhéanfadh díobháil do thionscal intíre feithiclí comhchosúla nó díriomaíocha an Pháirtí is allmhaireoir.
2. Ní chuirfear bearta coimirce déthaobhacha le haghaidh feithiclí i bhfeidhm ach a mhéid is gá chun díobháil a chosc nó a leigheas.
3. Cuirfear bearta coimirce déthaobhacha le haghaidh feithiclí i bhfeidhm tar éis d'údarais inniúla imscrúdúcháin an Pháirtí is allmhaireoir imscrúdú a dhéanamh faoi na nósanna imeachta a bhunaítear san Iarscríbhinn seo.

4. Ní bheidh aon mhodh cúitimh trádála i gceist le cur i bhfeidhm beart coimirce déthaobhach le haghaidh feithiclí.

AIRTEAGAL 3

Tráthchlár maidir le bearta coimirce déthaobhacha le haghaidh feithiclí a chur i bhfeidhm

Ní dhéanfaidh Páirtí beart coimirce déthaobhach le haghaidh feithiclí a chur i bhfeidhm, a shíneadh ná a choinneáil i bhfeidhm tar éis dhul in éag na hidirthréimhse.

AIRTEAGAL 4

Coinníollacha agus teorainneacha

1. Féadfaidh MERCOSUR bearta coimirce déthaobhacha le haghaidh feithiclí a chur i bhfeidhm ar allmhairí ón Aontas Eorpach:

(a) mar eintiteas aonair, ar choinníoll gur comhlíonadh na ceanglais uile chun a chinneadh gur ann do dhíobháil arb iad allmhairí feithicle faoi théarmaí fabhracha is cúis léi, ar bhonn na gcoinníollacha a chuirtear i bhfeidhm maidir le MERCOSUR; nó

(b) thar ceann Stát Sínithe MERCOSUR amháin nó níos mó, agus sa chás sin, maidir leis na ceanglais chun a chinneadh gur ann do dhíobháil arb iad allmhairí feithicle faoi théarmaí fabhracha is cúis léi, beidh siad bunaithe ar na coinníollacha atá i réim sa Stát Sínithe MERCOSUR ábhartha nó sna Stáit Sínithe MERCOSUR ábhartha; agus beidh an beart teoranta don Stát Sínithe MERCOSUR sin nó do na Stáit Sínithe MERCOSUR sin. I gcás ina nglacann MERCOSUR beart coimirce déthaobhach le haghaidh feithiclí thar ceann Stát Sínithe MERCOSUR amháin nó níos mó, ní chuirfear, leis sin, cosc ar Stát Sínithe MERCOSUR eile beart a ghlacadh maidir leis an bhfeithicil chéanna ina dhiaidh sin.

2. Féadfaidh an tAontas Eorpach bearta coimirce déthaobhacha le haghaidh feithiclí a chur i bhfeidhm ar allmhairí ó MERCOSUR mar eintiteas aonair nó ó Stát Sínithe MERCOSUR amháin nó níos mó más iad allmhairí feithiclí faoi théarmaí fabhracha is cúis leis an díobháil.

3. I gcás ina gcinnfidh an tAontas Eorpach go mbeidh feidhm ag beart maidir le MERCOSUR mar eintiteas aonair, beidh Paragua díolmhaithe ó chur i bhfeidhm an bhirt, mura léirítear le toradh imscrúdaithe gur ann do dhíobháil arb í is cúis léi allmhairí feithiclí faoi théarmaí fabhracha ó Paragua freisin.

ROINN C

FOIRM AGUS FAD BEART COIMIRCE DÉTHAOBHACH LE HAGHAIDH FEITHICLÍ A AICMÍTEAR FAOI CHEANNTEIDIL CC 8703 AGUS 8704

AIRTEAGAL 5

Foirm na mbeart coimirce déthaobhach le haghaidh feithiclí

1. Is é seo a leanas a bheidh sna bearta coimirce déthaobhacha le haghaidh feithiclí arna nglacadh de bhun na hIarscríbhíne seo:
 - (a) fionraíocht shealadach an Sceidil um Dhíothú Taraifí don fheithicil lena mbaineann dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 10-A; nó
 - (b) laghdú sealadach ar an bhfabhar taraife don fheithicil lena mbaineann ionas nach sáróidh an ráta dleachta custaim an ceann is lú díobh seo a leanas:
 - (i) dleachtráta custaim an Náisiúin Barrfhabhair arna chur i bhfeidhm ar an bhfeithicil atá in éifeacht an tráth a dhéantar an beart; agus
 - (ii) an bonnráta dleachta custaim arna chur i bhfeidhm ar an bhfeithicil dá dtagraítear in Iarscríbhinn 10-A.

2. I gcás ina nglacfar beart coimirce déthaobhach le haghaidh feithiclí dá dtagraítear i mír 1(b) den Airteagal seo, ba cheart do Pháirtí a áirithiú go gcaomhnófar sreafaí trádála stairiúla nach cúis díobhála iad do thionscal intíre an Pháirtí is allmhaireoir. An Páirtí a chuireann beart coimirce déthaobhach le haghaidh feithiclí i bhfeidhm, bunóidh sé cuóta allmhairiúcháin le haghaidh an táirge lena mbaineann ar laistigh de a leanann an táirge sin de thairbhiú den fhabhar comhaontaithe a bhunaítear faoin gComhaontú seo. Ní bheidh an cuóta allmhairiúcháin níos lú ná meánallmhairí an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse sé mhí is tríocha (36 mhí) roimh an dá mhí dhéag (12 mhí) dheireanacha den tréimhse bailithe sonraí le haghaidh an imscrúdaithe chun díobháil a chinneadh.

AIRTEAGAL 6

Corrlach fabhair

Ar fhoirceannadh na mbeart coimirce déthaobhach le haghaidh feithiclí, is éard a bheidh sa chorrach fabhair an corrlach fabhair a chuirfí i bhfeidhm ar an bhfeithicil in éagmais an bhirt faoi Iarscríbhinn 10-A.

AIRTEAGAL 7

Fad na mbeart coimirce déthaobhach le haghaidh feithiclí

Ní chuirfear bearta coimirce déthaobhacha le haghaidh feithiclí i bhfeidhm ach amháin ar feadh na tréimhse is gá chun an díobháil a chosc nó a leigheas agus chun coigeartú an tionscail intíre a éascú. Ní mhairfidh an tréimhse sin, lena n-áirítear tréimhse chur i bhfeidhm aon bhirt shealadaigh, níos faide ná 3 (trí) bliana.

AIRTEAGAL 8

Síneadh a chur leis na bearta coimirce déthaobhacha le haghaidh feithiclí

1. Féadfar síneadh a chur le bearta coimirce déthaobhacha le haghaidh feithiclí aon uair amháin ar feadh uastréimhse 2 bhliain, má chinntear, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach san Iarscríbhinn seo, gur dócha go leanfaí den díobháil nó go dtarlódh díobháil arís dá ndéanfaí an beart a bhaint nó a mhodhnú. Ní bheidh an beart ar cuireadh síneadh leis níos sriantaí ná mar a bhí sé ag deireadh na tréimhse tosaigh.
2. Ní chuirfear aon bheart coimirce déthaobhach le haghaidh feithiclí i bhfeidhm arís maidir le hallmhairiú feithicle a bhí faoi réir beart den sórt sin, mura bhfuil tréimhse caite arb ionann í agus leath d'fhad iomlán na coimirce déthaobhaí a bhí ann roimhe sin le haghaidh feithiclí.

ROINN D

NÓSANNA IMEACHTA IMSCRÚDÚCHÁIN AGUS TRÉDHEARCACHTA

AIRTEAGAL 9

Imscrúdú

1. Agus an t-imscrúdú á dhéanamh chun a chinneadh cé acu a rinne méadú ar allmhairí díobháil do thionscal intíre feithiclí dá dtagraítear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn seo nó nach ndearna, déanfaidh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin meastóireacht ar na tosca ábhartha uile de chineál oibiachtúil agus inchainníochtaithe agus a imríonn tionchar ar staid an tionscail sin, go háirithe ráta agus méid an mhéadaithe ar allmhairí na feithicle lena mbaineann i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta; an sciar den mhargadh intíre a glacadh leis an méadú ar allmhairí; agus athruithe ar líon na n-oibrithe atá fostaithe, ar acmhainneacht shuiteáilte agus ar úsáid acmhainneachta sa tionscal feithiclí, díolacháin, lena n-áirítear praghsanna, táirgeadh, táirgiúlacht, brabúis agus caillteanais. Níl an liosta sin uileghabhálach, agus ní gá go dtabharfaí treoraíocht chinntitheach le ceann amháin nó níos mó de na tosca sin.
2. Léireoidh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin, ar bhonn fianaise oibiachtúil, gur ann do nasc cúisíoch idir an méadú ar allmhairí na feithicle lena mbaineann agus díobháil. Déanfaidh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin meastóireacht ar gach toisc aitheanta freisin cé is moite de mhéadú ar allmhairí faoi théarmaí fabhracha an Chomhaontaithe seo, ar tosca iad a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh don tionscal intíre an tráth céanna. Ní chuirfear na héifeachtaí a bheadh ag méadú ar allmhairí na bhfeithiclí lena mbaineann ó thíortha eile i leith na n-allmhairí faoi théarmaí fabhracha.

3. Agus imscrúdú díobhála dá dtagraítear i mír 1 á dhéanamh ag údarás inniúil imscrúdúcháin, ba cheart dó sonraí a bhailiú thar thréimhse 36 mhí (sé mhí is tríocha) ar a laghad, a dtiocfaidh deireadh leis chomh gar don dáta a thíolacfar iarraidh ar imscrúdú a thionscnamh agus is féidir.

AIRTEAGAL 10

Imscrúdú a thionscnamh

1. Má tá fianaise leordhóthanach *prima facie* ann chun údar a thabhairt leis an tionscnamh sin, féadfar imscrúdú a thionscnamh arna iarraidh sin dóibh seo a leanas:

- (a) an tionscal intíre feithiclí nó comhlachas trádála agus gnó a ghníomhaíonn thar ceann tionscal intíre feithiclí na bhfeithiclí comhchosúla nó díriomaíocha sa Pháirtí is allmhaireoir; nó
- (b) aon Bhallstát is allmhaireoir amháin nó níos mó den Aontas Eorpach nó aon Stát Sínthe MERCOSUR amháin nó níos mó.

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san iarraidh ar imscrúdú a thionscnamh:

- (a) ainm na feithicle allmhairithe lena mbaineann agus tuairisc uirthi, a ceannteideal taraife agus an chóir taraife atá i bhfeidhm, chomh maith le hainm na feithicle comhchosúla nó díriomaíche agus tuairisc uirthi;
- (b) ainmneacha agus seoltaí na dtáirgeoirí nó an chomhlachais a bhfuil an iarraidh á cur isteach acu, más infheidhme;

- (c) má tá sé ar fáil go réasúnach, liosta de tháirgeoirí aitheanta uile na feithicle comhchosúla nó díriomaíche; agus
- (d) fianaise lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir leis an mbeart coimirce déthaobhach le haghaidh feithiclí a fhorchur, a leagtar amach in Airteagal 2(1) den Iarscríbhinn seo.

3. Chun críocha phointe (d) de mhír 2, beidh an faisnéis seo a leanas san iarraidh ar imscrúdú a thionscnamh:

- (a) méid táirgeachta na dtáirgeoirí a chuireann isteach an t-iarratas nó a bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu san iarratas agus meastachán ar tháirgeacht táirgeoirí aitheanta eile na bhfeithiclí comhchosúla nó díriomaíocha;
- (b) ráta agus méid an mhéadaithe ar allmhairí iomlána agus déthaobhacha na feithicle lena mbaineann, i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta, ar feadh níos mó ná 36 mhí (sé mhí is tríocha) ar a laghad roimh an dáta a tíolacadh iarraidh ar imscrúdú a thionscnamh, a bhfuil faisnéis ar fáil ina leith;
- (c) leibhéal na bpraghsanna allmhairiúcháin le linn na tréimhse céanna; agus
- (d) má tá faisnéis ar fáil, sonraí oibiachtúla agus inchainníochtaithe maidir leis an bhfeithicil chomhchosúil nó dhíriomaíoch, maidir le méid na táirgeachta iomláine agus na ndíolachán iomlán sa mhargadh inmheánach, fardail, praghsanna don mhargadh inmheánach, táirgiúlacht, úsáid acmhainneachta, fostaíocht, brabúis agus caillteanais, sonraí infheistíochta táirgiúla, agus sciar den mhargadh atá ag na gnólachtaí is iarrthóirí nó acu siúd a ndéantar ionadaíocht orthu san iarraidh, ar feadh na 36 mhí dheireanacha (sé mhí is tríocha) ar a laghad roimh thíolacadh na hiarrata, a bhfuil faisnéis ar fáil ina leith.

AIRTEAGAL 11

Faisnéis Rúnda

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 17.12 den Chomhaontú seo maidir leis an Iarscríbhinn seo.

AIRTEAGAL 12

Tráthchlár don imscrúdú

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 17.13 den Chomhaontú seo maidir leis an Iarscríbhinn seo.

AIRTEAGAL 13

Trédhearcacht

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 17.14 den Chomhaontú seo maidir leis an Iarscríbhinn seo.

ROINN E

BEARTA COIMIRCE DÉTHAOBHACHA SEALADACHA LE HAGHAIDH FEITHICLÍ A AICMÍTEAR FAOI CHEANNTEIDIL CC 8703 AGUS 8704

AIRTEAGAL 14

Beara coimirce déthaobhacha sealadacha le haghaidh feithiclí

1. In imthosca criticiúla ina bhféadfadh moill a bheith ina cúis le díobháil a bheadh deacair a leigheas, féadfaidh Páirtí, tar éis fógra cuí a thabhairt, beart coimirce déthaobhach sealadach le haghaidh feithiclí a dhéanamh de bhun réamhchinnidh go bhfuil fianaise shoiléir ann go bhfuil méadú tagtha ar allmhairí faoi théarmaí fabhracha agus go bhfuil díobháil déanta ag na hallmhairí sin. Ní rachaidh fad an bhirt shealadaigh thar 270 (dhá chéad is seachtó) lá, ar le linn na tréimhse sin a chomhlíonfar ceanglais na hIarscríbhíne seo. Má chinntear sa chinneadh críochnaitheach nach ndearnadh aon díobháil don tionscal intíre mar gheall ar allmhairí faoi théarmaí fabhracha, déanfar an taraif mhéadaithe nó an ráthaíocht shealadach mhéadaithe, i gcás inár bailíodh í nó ina forchuireadh í faoi bhearta sealadacha, a aisíoc go pras, i gcomhréir le rialachán intíre an Pháirtí ábhartha.
2. Ní dhéanfar bearta coimirce déthaobhacha sealadacha in aghaidh Pharagua, mura léiríonn toradh an réamhchinnidh de bhun mhír 1 go bhfuil allmhairí feithiclí ó Pharagua faoi théarmaí fabhracha ina gcúis le díobháil freisin.

ROINN F

FÓGRA POIBLÍ

AIRTEAGAL 15

Fógra poiblí maidir le himscrúdú a thionscnamh

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 17.16 den Chomhaontú seo maidir leis an Iarscríbhinn seo.

AIRTEAGAL 16

Fógra poiblí maidir le bearta coimirce déthaobhacha le haghaidh feithiclí a chur i bhfeidhm

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 17.17 den Chomhaontú seo maidir leis an Iarscríbhinn seo.

ROINN G

FÓGRAÍ AGUS COMHAIRLIÚCHÁIN

AIRTEAGAL 17

Fógraí

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 17.18 den Chomhaontú seo maidir leis an Iarscríbhinn seo.

AIRTEAGAL 18

Comhairliúcháin

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 17.19 den Chomhaontú seo maidir leis an Iarscríbhinn seo.

ROINN H

NA RÉIGIÚIN IS FORIMEALLAÍ DEN AONTAS EORPACH

AIRTEAGAL 19

Na réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 17.20 den Chomhaontú seo maidir leis an Iarscríbhinn seo.
